Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021-22



www.tcd.ie

**Ba iad seo a leanas comhaltaí Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i rith na bliana acadúla 2021-22:**

| | |
|---|---|
| **Ex Officio** | |
| Linda Doyle | An Propast |
| Orla Shiels | An Leas-Phropast/Príomh-Oifigeach Acadúil |
| David Shepherd | Léachtóir Sinsearach/Déan an Léinn Fochéime |
| Neville Cox | An Cláraitheoir |
| Eleanor Denny | An Sparánaí/Stiúrthóir na Nuálaíochta Straitéisí |
| **Tofa/Ainmnithe** | |
| Khurshid Ahmad | Comhaltaí agus Comhollúna (2020-2024) |
| Sarah Alyn Stacey | Comhaltaí agus Comhollúna (2020-2024) |
| Louis Brennan | Comhaltaí agus Comhollúna (2018-2022) |
| Andrew Burke | Comhaltaí agus Comhollúna (2018-2022) |
| Kevin Byrne | An Fhoireann Theicniúil, Riaracháin agus Tacaíochta (2020-2024) |
| Jill Donoghue | Comhalta Seachtrach (ainmnithe ag an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha, IIEA) (2018-2022) |
| Daniel Faas | Comhaltaí agus Comhollúna (2019-2022) |
| Bev Genockey | Ionadaí na Mac Léinn (Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn) (2021-2022) |
| David Grouse | An Fhoireann Theicniúil, Riaracháin agus Tacaíochta (2018-2022) |
| Rose Anne Kenny | Comhaltaí agus Comhollúna (2020-2024) |
| Leah Keogh | Ionadaithe na Mac Léinn (Uachtarán Aontas na Mac Léinn) (2021-2022) |
| Rachel Mathews-McKay | An Fhoireann Theicniúil, Riaracháin agus Tacaíochta (2020-2024) |
| (Owen) Ross McManus | Comhaltaí agus Comhollúna (2020-2024) |
| Kathleen McTiernan | Ball Tofa den Fhoireann Acadúil nach Comhaltaí é/í (2018-2022) |
| Sierra Mueller-Owens | Ionadaí na Mac Léinn (Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn) (2021-2022) |
| Andrea Nolan | Comhalta Seachtrach (ainmnithe ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, i gcomhairle leis an bPropast) (2020-2024) |
| Diarmuid R. Phelan | Comhaltaí agus Comhollúna (2018-2022) |
| Lorna Roe | Ball Tofa den Fhoireann Acadúil nach Comhaltaí é/í (2020-2024) |
| Gisèle Scanlon | Ionadaí na Mac Léinn (Uachtarán Aontas na gCéimithe) (2021-2022) |
| Aidan Seery | Ball Tofa den Fhoireann Acadúil nach Comhaltaí é/í (2018-2022) |
| Fintan Sheerin | Ball Tofa den Fhoireann Acadúil nach Comhaltaí é/í (2020-2024) |
| John Walsh | Ball Tofa den Fhoireann Acadúil nach Comhaltaí é/í (2020-2024) |
| **I Láthair** | |
| Peter Reynolds | An Cisteoir/Príomh-Oifigeach Airgeadais (i láthair *ex officio*) |
| John Coman | An Rúnaí (i láthair ex officio) |
| Orla Cunningham | An Príomh-Oifigeach Oibríochta (i láthair, le cuireadh) |
| Emma Stokes | Leas-Uachtarán don Chaidreamh Domhanda (i láthair, le cuireadh) |
| Victoria Butler | An Leas-Rúnaí (i láthair) |

*Tá taifead ar fhreastal ar chruinnithe Boird agus ar chostais Bhoird in Aguisín I agus II faoi seach.*
Cuirtear an cháipéis seo ar fáil i bhformáid áisiúil ach sin a iarraidh (rphost: trinity.communications@tcd.ie)

# CLÁR NA nÁBHAR

## Gníomhaíochtaí Ollscoile


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Forbairtí Acadúla** | **1** |
| | Rangú Domhanda na nOllscoileanna | 1 |
| | Cúrsaí Cáilíochta | 1 |
| **2.** | **Oideachas** | **2** |
| | Pobal na Tríonóide | 2 |
| | Staitisticí Iontrála | 2 |
| | Scoláireachtaí | 2 |
| | An Curaclam – Cúrsaí Nua | 3 |
| | Bronnadh na gCéimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir | 4 |
| | Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide | 4 |
| | Oideachas Ar Líne | 6 |
| | Comhaontuithe Idirnáisiúnta | 7 |
| **3.** | **Eispéireas na Mac Léinn** | **8** |
| | Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn | 8 |
| | Gnóthachtáil na Mac Léinn | 8 |
| **4.** | **Gníomhaíochtaí Taighde** | **12** |
| | Maoiniú Taighde | 12 |
| | Scoláireachtaí agus Gradaim a Gnóthaíodh | 12 |
| **5.** | **Nuálaíocht agus Tráchtálú** | **15** |
| | Maoiniú Taighde | 16 |
| | Maoin Intleachtúil | 17 |
| | Launchbox agus Blackstone Launchpad | 17 |
| **6.** | **Acmhainní Daonna** | **18** |
| | Cumas Daoine | 18 |
| | Abhcóideacht ar son Daoine | 20 |
| | Oibríochtaí maidir le Daoine | 20 |
| **7.** | **Tionscnaimh agus Mórócáidí Ollscoile** | **22** |
| **8.** | **Clár Forbartha Caipitil** | **24** |
| | Tionscadail | 24 |
| | Caomhnú Fuinnimh | 25 |
| **9.** | **Daonchairdeas** | **29** |
| **10.** | **Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2022*** | **31** |
| | (*arna gceadú ag an mBord i mí Márta 2023) | |

**Aguisín I Freastal chomhaltaí an bhoird ar chruinnithe boird 2021-22** **32**
**Aguisín II Costais bhaill an bhoird 2021-22** **32**

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ OLLSCOILE

## 1. Forbairtí Acadúla

### 1.1 Rangú Domhanda na nOllscoileanna

Rangaítear Coláiste na Tríonóide mar phríomh-ollscoil na hÉireann i Rangú Domhanda na nOllscoileanna de chuid QS, i Rangú Domhanda na nOllscoileanna de chuid an Times Higher Education (THE) agus i Rangú Acadúil na nOllscoileanna Domhanda, Shanghai.

Rangaíodh Coláiste na Tríonóide in ionad 101 i measc ollscoileanna an domhain agus in ionad 36 i measc ollscoileanna na hEorpa ar liostaí QS maidir le hOrd Feabhais Ollscoileanna an Domhain 2022. Rangaíodh Coláiste na Tríonóide in ionad 146 ar liosta Rangú Ollscoileanna an Domhain 2022 de chuid Times Higher Education.

### 1.2 Cúrsaí Cáilíochta

Tugadh faoi Athbhreithniú Institiúideach Cáilíochta Choláiste na Tríonóide i mí Márta 2022. Toradh diantréimhse ullmhúcháin agus comhairliúcháin i gcaitheamh na 18 mí roimhe sin ab ea an t-athbhreithniú, a tharla ag an am céanna agus a tharla paindéim COVID-19. Dá bhrí sin, tugadh faoin athbhreithniú i bhfoirm athbhreithniú fíorúil. Le linn sheachtain an athbhreithnithe, tháinig an fhoireann athbhreithnithe idirnáisiúnta le chéile le 227 rannpháirtí, a raibh baill foirne acadúla agus ghairmiúla agus páirtithe leasmhara seachtracha ina measc. Fuarthas Tuarascáil an Athbhreithnithe i mí na Samhna 2022 agus foilsíodh í ar Láithreán Gréasáin Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI).

Bhí deis ann freisin in 2021-2022 chun na hathbhreithnithe ar imir an phaindéim tionchar orthu a thabhairt chun críche agus chun na Nósanna Imeachta maidir le hAthbhreithniú Cáilíochta Fíorúil, a cheadaigh an Coiste Cáilíochta i mí na Samhna 2020, a thriail. Áiríodh ar na hathbhreithnithe athbhreithniú comhpháirteach ar an Scoil Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta agus ar Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta i mí Márta 2022; athbhreithniú ar chláir acadúla Acadamh LIR i mí Meithimh 2022; agus athbhreithniú ar an gcomhchéim onóracha san Fhisiteiripe, le hInstitiúid Teicneolaíochta Shingeapór (SIT) i mí Meithimh 2022. Is ionann athbhreithniú SIT agus an chéad athbhreithniú trasnáisiúnta ar thug lucht Choláiste na Tríonóide faoi riamh. Tugadh an t-athbhreithniú chun críche go cianda freisin, le páirtithe leasmhara i láthair ó Bhaile Átha Cliath agus Singeapór agus athbhreithneoirí i láthair ó Hong Cong agus Sydney.

Ceadaíodh na nósanna imeachta cáilíochta seo a leanas in 2021-22:

- Nósanna Imeachta maidir le hAthbhreithniú ar Scoileanna (Mí Feabhra 2022)
- Nósanna Imeachta maidir le hAthbhreithniú ar Institiúid Taighde Choláiste na Tríonóide (TRI)

Ghnóthaigh Coláiste na Tríonóide ráta rannpháirtíochta 35% sa Suirbhé Náisiúnta do Mhic Léinn a rinneadh i mí Márta 2022. Is ionann seo agus an ráta rannpháirtíochta is airde a bhain Coláiste na Tríonóide amach ó tugadh faoin suirbhé den chéad uair in 2012-13.

## 2. Education

### 2.1 Pobal na Tríonóide

Is pobal scoláirí é Coláiste na Tríonóide atá comhdhéanta de mhic léinn agus den fhoireann acadúil, riaracháin agus ghairmiúil. Is í an éagsúlacht atá i gcroílár shainiúlacht Choláiste na Tríonóide, agus mealltar mic léinn agus baill foirne as gach cearn den domhain a bhfuil gach cineál cúlra agus taithí shocheacnamaíochta acu dá barr.

Ba é 20,430 an líon iomlán mac léinn cláraithe a bhí ann in 2021-22. Ba é 14,290 (70%) an méid a bhí cláraithe ar chláir fochéime, 6,054 (39%) a bhí cláraithe ar chláir iarchéime agus 86 (0.42%) a bhí cláraithe ar bhunchúrsaí. Maidir le cohórt an Aontais Eorpaigh i gcomparáid le cohórt nach as an Aontas Eorpach é, ba as an Aontas Eorpach 16,853 (82.5%) de na mic léinn, níorbh as an Aontas Eorpach 3,577 díobh (17.5%) agus ba as oileán na hÉireann 70% díobh. Mná a bhí in 61.2% de na mic léinn, fir a bhí in 38.7% acu agus b'fhearr le 0.1% díobh gan a n-inscne a chur in iúl. Seachtó a haon faoin gcéad a bhí cláraithe ar chláir fochéime, 29% ar chláir iarchéime agus 61 agus 0.5% ar bhunchúrsaí.

### 2.2 Staitisticí Iontrála

Sa bhliain 2021, le Coláiste na Tríonóide a rinneadh 10,711 de na hiarratais chéadrogha i gcóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO) – ardú 28% i gcomparáid leis an mbliain 2020 (8,381). D'fhág sé seo go ndearnadh 18% de na hiarratais céadrogha ar fud earnáil na hollscolaíochta ar fad le Coláiste na Tríonóide (17% sa bhliain 2020).

79,176 duine a rinne iarratas trí chóras na Lár-Oifige Iontrála ar chúrsaí Leibhéal 8 in institiúidí ardoideachais na hÉireann, ardú 8.5% i gcomórtas le 71,648 sa bhliain 2020. Luaigh 23,878 duine cúrsaí i gColáiste na Tríonóide mar cheann amháin nó níos mó dá gcuid roghanna cúrsa ar fhoirm na Lár-Oifige Iontrála sa bhliain 2021 (i gcomparáid le 19,624 sa bhliain 2020).

D'éirigh le 686 mac léinn nua-iontrála a raibh na pointí is airde ina scoil acu an leibhéal íosta nó os a chionn sin a bhaint amach sa bhliain 2021 (i gcomparáid le 527 sa bhliain 2020). Ba as 499 scoil éagsúil a tháinig na mic léinn seo (455 sa bhliain 2020); as gach contae ar oileán na hÉireann, chomh maith le hiarrthóirí as 39 scoil sna 29 tír seo a leanas: An Ostair, an Bheilg, Ceanada, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, Eacuadór, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Iosrael, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, Catar, an Rómáin, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Ríocht Aontaithe.

As na dámhachtaithe go léir, tá staidéar á dhéanamh ag 266 mac léinn ar chúrsaí Innealtóireachta, Matamaitice agus Eolaíochta; ag 177 mac léinn ar Eolaíochtaí Sláinte, ag 141 mac léinn ar na Dána, na Daonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, agus tá 42 mac léinn sa bhreis orthu sin i mbun staidéir i níos mó ná dámh amháin. Mná a bhí in 60% de na 686 dámhachtaí agus fir a bhí in 40% díobh.

Seoladh Staidéar Féidearthachta Iontrála Choláiste na Tríonóide (TAFS) sa bhliain 2013 chun imscrúdú a dhéanamh le fáil amach an bhféadfadh sé go mbeadh sé indéanta mic léinn a ligean isteach i gColáiste na Tríonóide trí leas a bhaint as meascán de thorthaí Ardteistiméireachta agus measúnuithe breise. Cuireadh cúig áit is fiche i leataobh don staidéar: TR003 Stair (10n-áit), TR004 Dlí (10 n-áit), agus TR028 Stair agus Cultúr Ársa agus Meánaoiseach (5 áit).

### 2.3 Scoláireachtaí

Gné sheanbhunaithe den Ollscoil a bhfuil stair fhada agus ardghradaim ag baint léi is ea an Scoláireacht Fondúireachta, agus is gné shainiúil í de shaol na mac léinn i gColáiste na Tríonóide. Is í an dámhachtain fhochéime is mó gradaim sa tír fós í an Scoláireacht i gColáiste na Tríonóide agus is dámhachtain í a bhfuil, gan amhras, naisc fhadtéarmacha idir go leor céimithe den scoth agus an Ollscoil caomhnaithe aici. Ar cheann de phríomhchuspóirí Choláiste na Tríonóide tá dul sa tóir ar an sármhaitheas: tá an Scoláireacht ar cheann de na comharthaí is soiléire de sin.

Bronnadh Scoláireachtaí ar 51 mac léinn ar Luan na Tríonóide 2022 sa bhliain acadúil 2021-22.
Bhí na mic léinn a fuair na scoláireachtaí ionadaíoch ar gach dámh: Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (19); Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta (12); Dámh na nEolaíochtaí Sláinte (19); agus dámha éagsúla (1).
.

## 2.4 An Curaclam – Cúrsaí Nua

D'údaraigh Comhairle na hOllscoile na cúrsaí fochéime agus iarchéime agus na modúil seo a leanas in 2021-22:

| FC / IC | Teideal an Chúrsa | An Chéim a Dhámhfar |
|---|---|---|
| FC | Curaclam athbhreithnithe don Bhaitsiléir in Oideachas Ceoil (BMusEd) | BMusEd |
| FC | Curaclam athbhreithnithe Ceoil do bhealaí iontrála le haghaidh céimeanna onóra aonábhair agus comhchéimeanna onóracha | BA |
| IC | Socrú Iarchéime Dhá Choláiste le hOllscoil Columbia don chlár Innealtóireachta Comhtháite agus don chlár Innealtóireachta le Bainistiú | MSc |
| IC | MSc le bealach chuig Dioplóma Iarchéime i Staitisticí agus Inbhuanaitheacht | MSc agus Diop. IC |
| IC | Máistir Gairmiúil san Oideachas Athbhreithnithe (Iar-bhunscoil) le Dioplóma Iarchéime i Staidéir Oideachais | MGO agus Diop. IC |
| IC | Máistir i Staidéir Oideachais le Dioplóma Iarchéime in Oideachais Matamaitice Bunscoile | MGO agus Diop. IC |
| IC | Teastas Iarchéime sa Chothromas i gCúrsaí Sláinte Inchinne (Comhaltaí Atlantacha) | Teastas IC |
| IC | Teastas Iarchéime Athbhreithnithe i dTeiripí Imdhíonachta (Colún 3 den Tionscnamh Caipitil Daonna) le Dioplóma Iarchéime (Cúrsa Breisiúcháin) | Teastas IC |
| IC | MSc le bealach chuig Dioplóma Iarchéime i Néaraisíceolaíocht Chliniciúil Fheidhmeach | MSc agus Diop. IC |
| IC | Leathnú ar an Diop IC lánaimseartha aon bhliana amháin atá ann cheana san Innealtóireacht don Ghníomhú ar son na hAeráide trí Theastas IC agus Diop IC breisiúcháin páirtaimseartha dhá bhliain a thabhairt isteach ó 2022-23 ar aghaidh le maoiniú Cholún 3 den Tionscnamh Caipitil Daonna (TCD) | Diop IC agus Teastas IC |
| IC | MPhil i gCumarsáid Idirchultúir Fheidhmeach (Colún 3 den TCD) | MPhil |
| IC | MSc i Meabhairshláinte Dhomhanda | MSc |

## 2.5 Bronnadh Céimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir

Bronnadh 3,003 ceîm (1,400 buncheîm agus 1,603 ardcheîm) ag 37 searmanas éagsuîl bronnta ceîmeanna i rith na bliana 2021. Fuair míle trí chéad tríocha sé mac léinn céim chéadonóracha sna scrúduithe céime in 2021-22, agus bronnadh Bonn Óir ar 186 díobh sin.

Le linn Shearmanas Bronnta Céimeanna an Gheimhridh a reáchtáladh ar an 8 Nollaig 2021, bronnadh céimeanna oinigh ar David Wallach, ar James Ivan McGuire agus ar Dheirdre McLoughlin sa Téatar Poiblí. Is Ollamh le Bitheolaíocht Mhóilíneach in Institiúid Weizmann, Iosrael, é David Wallach, agus is taighdeoir ceannródaíoch é i réimse an athlasta agus i réimse na meicníochtaí maidir le bás na gceall. Is Ollamh Taca é James Ivan McGuire i Scoil na Staire, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, agus tá obair mhór déanta aige ar son na foghlama tríd an ról atá aige ina Eagarthóir Bainistithe ar an naoú heagrán de "Díolaim Beathaisnéisí na hÉireann". Is dealbhóir Éireannach í Deirdre McLoughlin atá lonnaithe in Amstardam, a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi as bheith ag obair le cré-earraí teibí. Is céimí de Choláiste na Tríonóide í freisin, le céim san Fhealsúnacht, Stair agus Litríocht.

Ar an Aoine, an 8 Aibreán 2022, bronnadh céimeanna oinigh ar Mary Kelly, Terry Neill, Micheal O'Siadhail agus Yvonne Murphy ag Searmanas Bronnta Céimeanna an Earraigh. Tá dea-theist shuntasach ag Mary Kelly i dtaca le seirbhís phoiblí i réimsí eolaíochta agus cultúir agus lean sí ar aghaidh le seirbhís ardghradaim a dhéanamh ina hArd-Stiúrthóir ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ina Cathaoirleach ar an mBord Pleanála. Chomh maith le gairm bheatha chéimiúil idirnáisiúnta a bheith aige, tá tiomantas do Choláiste na Tríonóide léirithe ag Terry Neill ó d'fhág sé an Ollscoil, tar éis dó Baitsiléir Ealaíon a bhaint amach ar dtús, agus Máistir Ealaíon ina dhiaidh sin (Matamaitic & Fisic). Tá céim máistir aige ó Scoil Ghnó Londain, áit a raibh sé ina Ghobharnóir ar feadh 13 bliana freisin. Tá Micheal O'Siadhail mar dhuine de mhórfhilí na hÉireann leis na deicheanna de bhlianta anuas, agus tá Duais Marten Toonder do ghairm chéimiúil sa litríocht buaite aige. Bhí Yvonne Murphy ina Breitheamh sa Chúirt Chuarda agus rinne sí cathaoirleacht ar imscrúduithe éagsúla a bhain le mí-úsáid ghnéis ar leanaí agus ar an gCoimisiún Imscrúdúcháin maidir le hÁrais Máithreacha agus Naíonán.

Ar an Aoine, an 17 Meitheamh 2022, bronnadh céimeanna oinigh ar Susan Denham, Adrian Hill, agus David McGrath ag Searmanas Bronnta Céimeanna an tSamhraidh. Is céimí de Choláiste na Tríonóide í Susan Denham, Leas-Seansailéar den Ollscoil ab ea í agus bhí gairm bheatha ghradamach aici i gcóras dlí na hÉireann agus ról Phríomh-Bhreitheamh na hÉireann aici idir na blianta 2011 agus 2017. Is é Adrian Hill Stiúrthóir Institiúid Jenner agus Ollamh le Vacsaíneolaíocht in Ollscoil Oxford, agus Ollamh le Géineolaíocht an Duine sa Wellcome Trust Centre for Human Genetics, lárionad de chuid na hOllscoile sin. Is é an Dr David McGrath Stiúrthóir Sheirbhísí Sláinte an Choláiste agus is iar-uachtarán Chomhlachas Sláinte Mac Léinn na hÉireann é. Ba shuntasach ar fad a thiomantas do shláinte agus folláine phobal uile Choláiste na Tríonóide le linn phaindéim COVID-19 agus a chuid sáriarrachtaí seasta síoraí chun tacú leis na mic léinn agus baill foirne is leochailí i bpobal Choláiste na Tríonóide.

## 2.6 Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide

Le beagnach tríocha bliain anuas, tá lucht foirne Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide ag obair leis na mílte mac léinn agus ag obair ar a son, ar mhic léinn iad as cúlraí a bhíonn faoi ghannionadaíocht go traidisiúnta, chun tacú leo, chun iad a spreagadh agus chun ugach a thabhairt dóibh barr a gcumas féin a bhaint amach.

Le Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide, cuirtear aird ar an ré scolaíochta ó thús go deireadh. Cothaítear caidreamh leis an dalta bunscoile agus coinnítear sin ar bun go dtí go ngnóthaíonn an mac léinn céim ollscoile. Cothaítear caidreamh freisin leis an bhfoghlaimeoir feadh saoil chun tacú lena mbealach isteach sa chóras oideachais agus tríd an gcóras oideachais. Tháinig níos mó ná 3,000 mac léinn fochéime isteach go Coláiste na Tríonóide trí bhealaí iontrála na gClár go dtí seo agus chuidigh lucht foirne Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide leo ag gach céim dá gcuid oideachais. Cothaítear ceangal le breis is 16,000 dalta bunscoile agus meánscoile gach bliain trí na cláir for-rochtana arb é is aidhm dóibh ráta rannphaírtíochta daoine as grúpaí tearcionadaíochta san oideachas tríú leibhéal a ardú.

Tugtar san áireamh faoi scáth na gclár seo cúrsaí oideolaíochta ar an dara leibhéal, malairt modhanna iontrála sa chóras ardoideachais, cúnamh iariontrálta agus cláir maidir le gairm bheatha a fhorbairt do mhic léinn bunchéime. Bíonn béim láidir, chomh maith leis an méid sin, ar fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí agus ar chláir inbhuanaithe a chur ar bun sna scoileanna ionas go dtarlaíonn tionchar níos doimhne ar chultúr na scoile agus ar rannpháirtíocht an phobail.

Cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas maoiniú ar fáil do Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide (Oifig na Mac Léinn Lánfhásta san áireamh) tríd an gClár maidir le Rochtain don Oideachas Tríú Leibhéal (PATH), tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna agus trí mhaoinitheoirí aonair agus maoinitheoirí corparáide éagsúla, do na tionscnaimh seo a leanas:

- For-Rochtain Scoile agus Pobail
- Cúrsaí Ullmhúcháin Réamh-Ollscoile: Bonnchúrsa do Dhaoine Fásta Óga agus do Mhic Léinn Lánfhásta, Coláiste na Tríonóide
- Cúrsaí Comhpháirtíochta sna Saorealaíona: Coláiste na Tríonóide agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath
- Na Cláir Slite chun Slí Gairme sna Réimsí Gairmiúlachta (Dlí, Gnó agus ETIM san áireamh)
- An Clár maidir le Dul Chun Cinn Tar Éis na hIontrála
- Taighde, Measúnú agus Forbairt
- Scoileanna Sárchéimníochta
- An Clár Droichead go dtí an Coláiste
- Seachtain Feasachta Coláiste (CAW)
- Meantóireacht Pobail

Tháinig 492 duine isteach go Coláiste na Tríonóide trí Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide sa bhliain 2021-22, trí bhealaí iontrála eile, trí Chláir Ullmhúcháin agus trí Oifig na Mac Léinn Lánfhásta.

Oibríonn lucht foirne Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide le scoileanna DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna), a bhfuil sé de cháil acu ráta íseal a bheith acu maidir le daltaí a théann ar aghaidh go hoideachas tríú leibhéal. Trí Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide, oibrítear le breis agus 70 scoil ar fud mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, 40 acu sin ar bunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal iad a bhfuil dlúthcheangal eatarthu agus 35 eile acu atá páirteach tríd an gclár Scoileanna Sárchéimníochta, nó trí chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí fearacht Citywise Education. Trí Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide, le cúnamh breis is 20 rannóg i gColáiste na Tríonóide, cumasaíodh tuairim is 16,000 mac léinn, tuismitheoir agus múinteoir páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí le linn na bliana 2021-22. Áiríodh orthu seo turais ar fud an champais, ceardlanna do dhaltaí maidir le códú, iriseoireacht, cúrsaí díospóireachta, teangacha agus cultúir na hEorpa, scileanna digiteacha, na cláir Slite chun Slí Gairme sa Dlí, sa Ghnó agus sa Teicneolaíocht, agus Scoil Samhraidh Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide. Eagraíodh freisin níos mó ná 1,100 beart caidrimh le múinteoirí trí chruinnithe múinteoireachta ar líne, trí chúrsaí iarchéime agus trí chláir na gcomhaltaí múinteoireachta.

Cuireann Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide raon tacaíochtaí, gníomhaíochtaí agus cláir forbartha gairme iariontrála ar fáil, chomh maith le cúnamh airgeadais do mhic léinn fochéime a chuaigh isteach i gColáiste na Tríonóide trí bhealaí iontrála malartacha. Bíonn raon táscairí i gceist leis na mic léinn, lena n-áirítear tuismitheoirí a bheith acu nach bhfuil oideachas coláiste acu, mic léinn a d'fhás aníos i bpobail ísealioncaim, nó mic léinn a d'fhreastail ar scoileanna DEIS. Is mó seans go mbeadh leibhéil arda imní ar mhic léinn ísealioncaim i ndáil le bealaí chun tacú leo féin ó thaobh airgid de agus iad ar an ollscoil, agus smaoiníonn go leor acu faoin gcoláiste a fhágáil mar gheall ar bhrúnna airgeadais. Trí Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide, cuirtear cúnamh airgeadais ar fáil do mhic léinn an chláir, cúnamh a cuireadh ar fáil trí thabhartais fhlaithiúla ó chorparáidí, ó alumni agus ó dhaoine aonair. Cuirtear maoiniú bliantúil ar fáil trí Chiste Cúnaimh na Mac Léinn (ESF/SAF) freisin. Le linn na bliana acadúla 2021-22, bhí 930 mac léinn cláraithe le Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide. Bhí 839 mac léinn díobh sin (90%) ag fáil cúnamh airgeadais. Bhí 222 mac léinn ann a fuair scoláireacht daonchairdis Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide (ba é sin 25% de mhic léinn fochéime uile a bhí cláraithe le Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide).

Is cuid lárnach de Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide í Oifig na Mac Léinn Lánfhásta. Trí Oifig na Mac Léinn Lánfhásta, tacaítear le hearcú, le comhtháthú agus le rath an chohóirt mac léinn lánfhásta san Ollscoil. 183 mac léinn lánfhásta nua a tháinig isteach sa bhliain 2021-22 agus tá níos mó ná 500 mac léinn lánfhásta san iomlán cláraithe ar fud dhámha uile Choláiste na Tríonóide. Áirítear san fhigiúr seo mic léinn a chuaigh ar aghaidh ón mBonnchúrsa do Mhic Léinn Lánfhásta agus mic léinn lánfhásta ó choláistí BOO nasctha (Coláiste an Phiarsaigh/Coláiste an Phluincéadaigh).

Déantar freastal ar suas le 125 mac léinn gach bliain ar an mBonnchúrsa i gColáiste na Tríonóide agus ar na Cúrsaí Rochtana Ollscoile a chuirtear ar fáil i gcomhar le Coláiste an Phiarsaigh, Coláiste an Phluincéadaigh agus Coláiste na Saoirsí. Tríd na cúrsaí seo, cuirtear rogha mhalartach maidir le háit a bhaint amach i gColáiste na Tríonóide ar fáil do dhaoine fásta óga agus do mhic léinn lánfhásta ar chuir a gcuid cúinsí sóisialta, eacnamaíochta agus cultúir bac orthu freastal ar choláiste. Ceaptar na cúrsaí chun cur le cumais acadúla mac léinn agus chun bonn láidir a chur ar fáil chun tacú le staidéar ag leibhéal na céime.

Tá sé ar cheann de phríomhchuspóirí na hOllscoile agus an Phlean Náisiúnta Rochtana feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí le páirtithe leasmhara Breisoideachais agus Ardoideachais. Ghabh Coláiste na Tríonóide air féin ardú a chur ar líon na n-iarrthóirí a thiocfaidh isteach san Ollscoil tar éis dóibh Dámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna ar leibhéal 5 agus leibhéal 6 de chreat Cháilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI-FET) a bhaint amach. Tá leathnú dá thoradh sin ar na bealaí iontrála reatha QQI-FET agus bealaí nua dul chun cinn á gcur ar bun ar fud Dhámha uile na hollscoile. Tháinig oifigeach tionscadail Breisoideachais agus Oiliúna isteach ar fhoireann Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide sa bhliain 2021 chun leanúint leis an misean bealaí iontrála ar an gcoláiste a éagsúlú trí straitéis spriocdhírithe earcaíochta, ionduchtú agus tacaíocht a fhorbairt do mhic léinn Breisoideachais agus Oiliúna.

Ó cuireadh Seachtain Feasachta Coláiste ar bun sa bhliain 2014, is cuid lárnach den fhéilire oideachais í. Ar feadh aon seachtain amháin i mí na Samhna gach bliain, eagraítear imeachtaí ar leith i scoileanna, in ollscoileanna, i gcoláistí breisoideachais, i leabharlanna agus eile d'fhonn cultúr a chur chun cinn sna pobail sin a thugann le fios gur gnách a bheith ag dul ar aghaidh chuig coláiste.

Cé go bhfuil ardú tagtha ar líon na ndaltaí in Éirinn a théann ar aghaidh chuig breisoideachas agus ardoideachas le blianta beaga anuas, is amhlaidh an cás go fóill go mbíonn 10 mac léinn as pobail rachmasacha sna coláistí/ollscoileanna do gach cúigear mac léinn as pobail faoi mhíbhuntáiste (an tÚdarás um Ard-Oideachas, 2022). Tá de chuspóir le Seachtain Feasachta Coláiste an bhearna sin a dhruidim trí ábhar spreagtha agus eolais a chur ar fáil do gach dalta faoin tábhacht a bhaineann le plean oideachais iar-mheánscolaíochta a bheith acu. Bímid ar son rogha a bheith ag an dalta an cúrsa is fearr a n-oirfeadh dá réimsí spéise agus cumais agus is fearr a thiocfadh lena pleananna/phleananna saoil a leanúint, cibé an cáilíocht iar-ardteistiméireachta, printíseacht nó céim ollscoile an cúrsa sin. Chuaigh Seachtain Feasachta Coláiste i bhfeidhm ar 150,000 rannpháirtí sa bhliain 2021, agus reáchtáladh imeachtaí i ngach contae in Éirinn. Áiríodh air sin 55% de gach scoil DEIS in Éirinn. D'fheidhmigh Seachtain Feasachta Coláiste ina hardán do mheantóireacht pobail PATH (Clár maidir le Rochtain don Oideachas Tríú Leibhéal), clár a bhfuil baint ag sé institiúid ardoideachais leis, trína ndearna 250 meantóir obair dheonach ina bpobal, a chuaigh chun tairbhe breis is 2,000 rannpháirtí.

## 2.7 Oideachas Ar Líne

Lean Coláiste na Trionóide lena thiomantas don oideachas ar líne in 2021-22. Bhí mic léinn ábalta rochtain a fháil ar réimse ábhar cúrsa arna bhforbairt ag lucht Choláiste na Tríonóide agus iad in áit ar bith ar domhan. Tá cúrsaí iarchéime go hiomlán ar líne ar fáil ó 2014 i leith, tráth ar forbraíodh iad mar chuid de spriocanna straitéiseacha na hOllscoile maidir le hoideachas ar líne. Rinneadh go leor cúrsaí a bhí ann cheana a nuashonrú in 2021/22 chun ábhar foghlama a choinneáil cothrom le dáta agus de réir an dea-chleachtais.

Sa bhliain 2021-22, seoladh clár MSc ar líne agus clár Dioplóma Iarchéime ar líne i dTeicneolaíocht Déantúsaíochta Cógaisíochta agus Teastas Iarchéime ar líne i Staitisticí i gColáiste na Tríonóide. Forbraíodh modúil a bheadh go hiomlán ar líne freisin do chlár Dioplóma Iarchéime cumaisc in Innealtóireacht don Ghníomhú ar son na hAeráide.

Sheol lucht na Seirbhíse Gairmthreorach modúl cumaisc i nGairmeacha agus Infhostaitheacht do mhic léinn PhD, agus seoladh modúl ar Ionracas agus Eitic Taighde i Ré Scoláireachta Oscailte, modúl a bheadh go hiomlán ar líne, do mhic léinn PhD Choláiste na Tríonóide freisin.

Cruthaíodh miondintiúir ar líne in Oiliúint Dlí do Chleachtóirí Cúraim Leanaí agus i Míchumas, Meabhairshláinte agus Cosaint Leanaí, agus cuireadh ar fáil iad d'fhoghlaimeoirí a bhí ag féachaint lena gcuid scileanna a fhorbairt agus creidiúintí a ghnóthú ar bhealach áisiúil agus inrochtana fearacht gearrchúrsaí ar líne. Seoladh cúrsaí nua Forbartha Gairmiúla Leanúnaí ar líne freisin in ábhair amhail folláine san ionad oibre, riosca eagraíochta a bhainistiú, eagrúchán glas inbhuanaithe, meastóireacht tionchair i leith na forbartha domhanda, agus eolaíocht sonraí.

Leanann Coláiste na Tríonóide de bheith ag tacú le pobail foghlama domhanda trí chúrsaí rochtana oscailte (MOOCanna) ar ardchaighdeán a sholáthar i gcomhar le FutureLearn. Chláraigh níos mó ná 10,000 foghlaimeoir sa bhliain 2021-22 chun Ollchúrsaí Oscailte Ar Líne (MOOC) Choláiste na Tríonóide a dhéanamh. Seoladh dhá Ollchúrsa Oscailte nua ar Líne maidir le hAndúil a Shainaithint agus Freagairt a Thabhairt Uirthi agus maidir le hOspidéil ina gCuimsítear Othair a bhfuil Néaltrú Orthu. Áiríodh ar Ollchúrsaí Oscailte ar Líne a raibh tóir orthu cúrsaí ar Leabhar Cheanannais, Aistear roimh Bhreith Linbh, Forbairt Inbhuanaithe a Bhaint Amach agus Oideasú Aclaíochta ar Mhaithe le Galar a Chosc agus a Chóireáil.

## 2.8 Comhaontuithe Idirnáisiúnta

Bhí go leor comhpháirtíochtaí á bhforbairt sa bhliain acadúil 2021-22, agus thosaigh níos mó ag tarlú ina dtaobh sin de réir mar a maolaíodh srianta COVID-19.

Is mar seo a leanas na comhaontuithe nua a rinneadh sa bhliain acadúil: Thacaigh Ollscoil Abu Dhabi le Scoil na hInnealtóireachta chun comhaontú comhoibríoch 4+1 a fhorbairt le hOllscoil Abu Dhabi agus síníodh an comhaontú le linn cuairt a tugadh ar an gcomhpháirtí faoi threoir Leas-Uachtarán Rannpháirtíocht Dhomhanda Choláiste na Tríonóide i mí Feabhra 2022; thacaigh Ollscoil Soochow le Scoil na Fisice agus le Scoil na Ceimice chun comhaontú comhoibríoch 4+1 a fhorbairt le hOllscoil Soochow; thacaigh Ollscoil California Theas le Scoil na Cógaisíochta chun comhpháirtíocht a fhorbairt le hOllscoil California Theas; thacaigh Ollscoil na nEolaíochtaí Sláinte agus na Cógaisíochta in St. Louis le Scoil na Cógaisíochta chun comhpháirtíocht a fhorbairt le hOllscoil na nEolaíochtaí Sláinte agus na Cógaisíochta in St. Louis agus thacaigh Ollscoil Mheiriceá i gCaireo le hInstitiúid Dhomhanda na Sláinte Inchinne chun comhaontú comhpháirtíochta a fhorbairt le hOllscoil Mheiriceá i gCaireo chun taighde comhpháirteach a éascú.

Tá trí ollscoil comhpháirtíochta malartaithe idirnáisiúnta tarraingthe isteach ag Coláiste na Tríonóide Domhanda: Ollscoil Polaiteicnice Hong Cong, Ollscoil Náisiúnta Cheng Kung (an Téaváin) agus Ollscoil Adolfo Ibanez (an tSile). Cuireadh deich gcomhpháirtí malartaithe nua Erasmus+ le punann Erasmus Choláiste na Tríonóide freisin. Thug lucht Choláiste na Tríonóide Domhanda cuairt ar shé tír chun casadh le hionadaithe ollscoileanna comhpháirtíochta agus le hionadaithe ollscoileanna a d'fhéadfadh a bheith ina n-ollscoileanna comhpháirtíochta amach anseo: An Fhrainc, an Iordáin, an Ísiltír, Óman, Catar, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

Tá Coláiste na Tríonóide páirteach i gcónaí in CHARM-EU (Challenge driven, Accessible, Research based, Mobile European University) arb é atá de théama leis An Duine agus an Pláinéad a Thabhairt lena Chéile. Is iad Ollscoil Barcelona, Ollscoil Utrecht, Ollscoil Eötvös Loránd i mBúdaipeist, agus Ollscoil Montpellier na comhpháirtithe atá againn.

I mí Mheán Fómhair 2021, cuireadh tús leis an gclár Máistir i nDúshláin Dhomhanda don Inbhuanaitheacht, ar cuireadh ar fáil é i gcomhar le Comhaontas CHARM-EU, agus thug 120 mac léinn faoi ar fud na gcúig láthair comhpháirtíochta go léir. I mí Iúil 2022, fuarthas deontas €12.8m do thogra CHARM-EU trí Ghlao Erasmus+ d'Ollscoileanna na hEorpa 2022. Tháinig trí chomhpháirtí nua isteach sa Chomhaontas agus leis an togra nua CHARM 8, leanfar d'éifeachtacht an chomhoibrithe reatha a láidriú, a ghéarú agus a leathnú.

# 3. Eispéireas na Mac Léinn

Leathnaíonn 'Taithí Choláiste na Tríonóide' thar an curaclam amach agus cuimsíonn sé cúlra saibhir de chlubanna agus de chumainn mac léinn a ullmhaíonn mic léinn do shaol ceannaireachta agus rannpháirtíochta poiblí. Cuireann seirbhís oidí na mac léinn leis an éiteas pearsanta.

## 3.1 Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

Tá an tiomantas d'fhorbairt intleachtúil agus phearsanta a mic léinn go léir ag croílár ghníomhaíochtaí uile na hOllscoile. Cuireann na seirbhísí tacaíochta réimse leathan seirbhísí riaracháin agus tacaíochta ar fáil chun eispéireas na mac léinn a fheabhsú lena n-áirítear Cóiríocht, Clár Acadúil, Forbairt Foghlama Mac Léinn, Seirbhís Comhairleoireachta Teagaisc, Ionad Sláinte an Choláiste, Seirbhísí Comhairleoireachta, Oifig Míchumais, an tSéiplíneacht, Seirbhís Comhairleach Ghairme, Naíolann Lae, Aistriú chuig Coláiste na Tríonóide agus Spórt Choláiste na Tríonóide. Cinntíonn na seirbhísí seo go bhfreastalaítear ar leas na mac léinn, agus a bhforbairt shóisialta, chultúir agus mhothúchánach ar bhealach cothromaithe agus iomlánaíoch.

## 3.2 Gnóthachtálacha na Mac Léinn

I rith na bliana acadúla 2021-22, d'éirigh go maith le mic léinn agus le cumainn mac léinn in go leor réimsí. Ar na héachtaí suntasacha a rinneadh i mbliana, áiríodh:

Bronnadh Buaic-Ghradam Harry Hartford ar cheathrar mac léinn as buaicthionscadail den chéad scoth i ndisciplíní na heacnamaíochta, na heolaíochta polaitíochta, na socheolaíochta agus na fealsúnachta. Ba é seo an chéad bhliain den ghradam. Is mar gheall ar fhlaithiúlacht Harry Hartford, alumnas Choláiste na Tríonóide a bhain céim Baitsiléir amach i Staidéir Eacnamaíochta agus Sóisialta (sa bhliain 1982) agus atá ag tacú leis an Scoil le fada an lá, a bhíothas ábalta na gradaim a chur ar fáil. Ba iad Susanna Mollen, Aoife Cleary Ward, Andrew Hussey agus Declan Murphy buaiteoirí na ngradam.

Bhuaigh an t-ardán éadaí inbhuanaithe LikeIt Dúshláin Nuálaíochta an Phropaist sa bhliain 2021. Bhí dianchomórtas roimh Jonas Hellberg, Filippo Castelli, agus Emilie Audran ón deich bhfoireann eile de nuálaithe inbhuanaitheachta sa dhianfhéile haiceála dhúshlánach a mhair 3 lá, ach fuair siad an ceann is fearr ar a gcomhiomaitheoirí ar deireadh chun an dúshlán a bhuachan, a raibh duais airgid thirim €2,000 ag dul leis ar mhaithe leis an smaoineamh a bhí acu a fhorbairt tuilleadh.

Bhuaigh na deartháireacha Tadhg-Lorcan agus Eoin H. Oude Essink an nTopology Responsible Part Challenge 2022 agus iad ag déanamh ionadaíocht ar Choláiste na Tríonóide agus ar Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i gcomórtas déantúsaíochta idirnáisiúnta.

Bhuaigh mic léinn Choláiste na Tríonóide trí ghradam ag an gcomórtas Formula Student a reáchtáladh ar ráschiorcaid Silverstone sa Ríocht Aontaithe le linn shamhradh na bliana 2022. Ba í foireann na mac léinn seo, a leag amach agus a rinne ráscharr aon shuíocháin don chomórtas, an t-aon fhoireann Ghrúpa 1 as Éirinn ag an imeacht. Bhí siad ar an gcéad fhoireann FS-AI as Éirinn, agus an t-aon cheann, chun dul san iomaíocht sa chatagóir nua Intleachta Saorga, ina mbaineann na hiomaitheoirí leas as feithiclí uathrialaitheacha.

**Cumainn**

Ba léir arís do Choiste Lárnach na gCumann cumas na gcumann faoi threoir mac léinn an iliomad imeacht tarraingteach a eagrú agus iad féin a chothú agus a choinneáil ag imeacht in ainneoin dúshlán ar bith a thiocfadh ina dtreo.

Eagraíodh Aonach Mhic Léinn na Chéad Bhliana ar champas arís agus cuireadh fáilte mhór roimhe sin, cé gur cuireadh leagan amach nua air le go mbeadh toilleadh laghdaithe agus scaradh sóisialta i gceist leis. Cuireadh

fáilte níos mó fós roimh ghníomhaíochtaí a bheith á reáchtáil ar an láthair ar champas arís, mar aon le gníomhaíochtaí a bheith á gcur ar fáil ar líne i gcónaí. Ba shuntasach ar fad an méid a rinne coistí na gcumann lena chinntiú go dtosófaí saol na gcumann ar an ngnáthchaoi arís tar éis na paindéime, ach anuas air sin, lena chinntiú go mbeadh rath agus bláth air. Ba le haird, le machnamh agus le faichill a tugadh faoin gcúram imeachtaí agus gníomhaíochtaí seanbhunaithe, mar aon le cinn nua, a chur ar fhéilire na gcumann arís d'fhonn an traidisiún luachmhar seo a chaomhnú, trína gcinnteofar go mbeidh deis ag mic léinn amach anseo taithí a fháil ar ról na gcumann i gcroílár shaol Choláiste na Tríonóide, mar a bhí ag mic léinn roimhe seo.

Seo cúpla sampla den iliomad imeachtaí a d'eagraigh mic léinn le linn na bliana:

**Cumann Gaelach & An Cumann Comhshaoil:** *An tSeachtain Ghlas le Manchán Magan*
Ar an Máirt den tSeachtain Ghlas, labhair an scríbhneoir ábhar taistil Éireannach mór le rá Manchán Magan le mic léinn Choláiste na Tríonóide den chéad uair. Cé gur ar Zoom a eagraíodh an t-imeacht, sruthaíodh beo é ó Léachtlann na Luibheolaíochta. Sa chaint dhátheangach seo, scrúdaíodh nasc domhan stairiúil mhuintir na hÉireann leis an domhan nádúrtha trí iniúchadh a dhéanamh ar mar a úsáidimid an teanga leis an gcaidreamh seo a chur in iúl.

**An Cumann Scannán:** *Miniseries Creation*
Ghlac thart ar 80 duine páirt san imeacht seo ar an iomlán. Sa chéad téarma, reáchtáladh go seachtainiúil é mar sheomra scríbhneoirí, inar cruthaíodh domhan cineamatach agus scripteanna bunaidh. Le linn Théarma na Féile Bríde, roghnaíodh na seacht script is fearr agus sannadh chuig criúnna scannánaíochta iad chun iad a fhorbairt ó chéim an réamhléirithe go céim na heagarthóireachta deiridh. Eagraíodh ceardlanna breise ceamaradóireachta agus fuaime chun scileanna a fheabhsú agus chuir foireann cumadóireachta ceol leis an scannán deiridh.

**An Cumann Grianghrafadóireachta:** *After Sundown*
Reáchtáladh taispeántas Nollag an Chumainn i Stáblaí Fumbally agus d'fhreastail thart ar 200 duine air. Mealladh os cionn 60 mac léinn is grianghrafadóir chun saothar a chur isteach. Bhí an téama 'After Sundown' ina ábhar inspioráide a spreag daoine chun bheith cruthaitheacht agus chun dul amach san oíche le grianghraif áille a ghlacadh.

**Cumann Ceolamharclannaíochta Choláiste na Tríonóide:** *Guys and Dolls*
Reáchtáladh léiriúchán an chumainn idir an 23 agus 26 Feabhra in Amharclann Uí Raghallaigh, Coláiste Belvedere agus bhí an amharclann lán gach aon oíche. Bhí 33 ball foirne páirteach sa léiriúchán, bhí 16 mac léinn sa cheolfhoireann agus bhí naonúr ar an bhfoireann léirithe.

**Qsoc, an Cumann Mata, Cumann na hEolaíochta Ginearálta, an Cumann Spáis, an Cumann Zó-eolaíochta**
*Queer People in STEM Bingo.*
Leis an imeacht seo, rinneadh ceiliúradh ar dhaoine LADTA+ i saol na heolaíochta. Tháinig baill gach cumainn ar eolaithe sa réimse sin ar dhaoine LADTA+ iad agus cuireadh isteach sa bhiongó iad. Cuireadh faisnéis ina leith ar chur i láthair Powerpoint freisin. Tugadh uimhir dóibh ansin a bhí ag teacht leis na bileoga biongó. I gcás go leor de na taighdeoirí agus eolaithe ar fhoghlaim na rannpháirtithe fúthu, níor tugadh dóthain measa dóibh le linn a ré féin mar gheall ar a bhféiniúlacht.

*Cúrsaí Spóirt*

Téann oidhreacht uasal spóirt Choláiste na Tríonóide i bhfad siar - tá spórt eagraithe á chur ar siúl san ollscoil le breis is céad bliain anuas. Is é bun agus barr gach a ndéantar trí Spórt Choláiste na Tríonóide ná a bheith ag cuidiú le daoine páirt níos mó a ghlacadh agus chun bheith ag cruthú níos fearr ionas gur féidir linn barr ár gcumais a bhaint amach in éineacht. Tráth a rabhamar go léir ag tabhairt suntas don ról mór atá ag an nascacht, an muintearas agus an fholláine inár saol, bhí ríméad orainn fáilte a chur roimh sheoladh straitéise nua do chúrsaí spóirt agus do ghníomhaíocht coirp i gColáiste na Tríonóide i mí Márta 2022.

Is é 'Cumas a Bhaint Amach' an t-ainm cuí atá ar an straitéis nua do chúrsaí spóirt 2022-26, a bhfuil sé mar fhís leis a chinntiú go mbeidh spórt agus gníomhaíocht coirp i gcroílár eispéireas Choláiste na Tríonóide. Is é is misean don straitéis an uile dhuine a spreagadh, a mhealladh agus a cheangail trí spórt i dtimpeallacht

ionchuimsitheach thacúil. Tríd an bplean seo a chur i bhfeidhm, cinnteofar go dtacófar le mic léinn, le baill foirne agus le pobal níos leithne Choláiste na Tríonóide le réimse áiseanna agus deiseanna spóirt lena gcuirfear ar a gcumas naisc leis an spórt, leis an sláinte agus leis an bhfolláine a chothú ar feadh a saoil.

Tá 'Cumas a Bhaint Amach: Straitéis don Spórt agus don Ghníomhaíocht Coirp i gColáiste na Tríonóide' ag teacht go soiléir le straitéis níos leithne Choláiste na Tríonóide, 'I dtreo 2025: Pobal agus Ceangal'. Tá na spriocanna leathana leabaithe ar fud cholúin na straitéise, amhail pobal mac léinn atá ag éirí níos ilchineálaí agus níos ionchuimsí i gcaitheamh an ama a chothú, a bheith ag tacú le heispéireas bunathraitheach na mac léinn, líonra domhanda Choláiste na Tríonóide a shaibhriú, agus pobal 'aon Choláiste na Tríonóide amháin' a chruthú.

**Lárionad Spóirt Choláiste na Tríonóide agus Campas Sláintiúil FISU**
Is é an Lárionad Spóirt mol lárnach na gníomhaíochta spóirt ar champas. Ag an tráth seo tar éis thionchar COVID-19, tá méadú ag teacht ar úsáid an Lárionaid Spóirt, agus baineadh úsáid as 192,295 uair idir mí Mheán Fómhair 2021 agus mí Lúnasa 2022. Ba mhic léinn iad 77% d'úsáideoirí, agus méadú suntasach a bhí sa mhéid sin i gcomparáid leis an tréimhse chéanna sa bhliain 2020-21, mar gheall ar iaimh agus srianta. Freastalaítear ar gach leibhéal sa Lárionad Spóirt, agus cuirtear ar fáil breis is 50 rang agus clár gach seachtain, ar líne agus ar an láthair araon. Don naoú bliain as a chéile, bhain Lárionad Spóirt Choláiste na Tríonóide na caighdeáin is airde amach i ngradaim na gcaighdeán náisiúnta cáilíochta (áiseanna spóirt).

Fad a fhreastalaítear ar réimse leathan custaiméirí i rith na bliana ar fad, bhí fuadar sa Lárionad Spóirt le linn mhíonna an tsamhraidh, tráth ar fhreastail breis is 1,000 páiste ar champaí samhraidh ilspóirt Braveheart a reáchtáil lucht Spórt Choláiste na Tríonóide. D'éirigh le ceathracha déagóir ón bpobal áitiúil an clár 'Acadamh Cóitseála na nÓg' a chríochnú, clár atá deimhnithe ag Spórt Choláiste na Tríonóide. Is tionscnamh é 'Acadamh Cóitseála na nÓg' chun na huirlisí a theastaíonn ó ábhar cóitseálaithe, ceannairí óige agus gairmithe spóirt atá 16-18 mbliana d'aois a thabhairt dóibh le go mbeadh siad in ann tús a chur lena n-aistear i réimse na ceannaireachta spóirt.

Bronnadh teastas platanaim Champas Sláintiúil FISU (Cónaidhm Idirnáisiúnta do Spórt Ollscoile) ar Choláiste na Tríonóide i mí Meithimh 2022. Is é sin an leibhéal is airde deimhnithe atá ar fáil. Tá ríméad ar Spórt Choláiste na Tríonóide a bheith páirteach i gclár Champas Sláintiúil FISU, ar tionscnamh iontach domhanda é lena leabaítear sláinte agus folláine i ngach gné de chultúr campais, a chuireann feabhas ar stíl maireachtála mhic léinn agus chomhaltaí foirne Choláiste na Tríonóide dá réir sin.

**Spórt Sóisialta agus Rannpháirteachas**
Tá sé ina chuspóir spreagúil do lucht Spórt Choláiste na Tríonóide i gcónaí chun rannpháirteachas a mhéadú i measc na mac léinn. Chuaigh breis is 4,670 mac léinn isteach i gclub spóirt sa bhliain 2021-22. Bhí clár iomlán spórt sóisialta agus sraithchomórtas ar fáil do mhic léinn ar champas, lena n-áirítear cispheil 3 v 3, sacar 5 an taobh, reathaíocht shóisialta, rugbaí tadhaill agus cláir chun foghlaim an bealach le peil Ghaelach, hacaí agus scuais a imirt. Áiríodh ar thaobh rannpháirteachais ghníomhaíochtaí Spórt Choláiste na Tríonóide an clár oiliúna agus imeacht náisiúnta Swim for a Mile, spraoi-rith na Réinfhianna, rith 5k an Champais agus tionscnaimh gníomhaíochta coirp Choláiste na Tríonóide Sláintiúil.

Seoladh go hoifigiúil an tionscadal 'Meabhair, Colainn, Borradh', tionscadal faoi stiúir Spórt Choláiste na Tríonóide, ar fud seacht nInstitiúid san Eoraip i mí Eanáir na bliana 2022 via imeacht ar líne. Is tionscadal idirghabhála fianaise-bhunaithe é Meabhair, Colainn, Borradh, a ceapadh chun tacú le daoine óga a meabhairshláinte agus a sláinte coirp a bhainistiú. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach faoin gclár Erasmus+ Sport 'chun ionchuimsiú sóisialta agus deiseanna comhionanna sa spórt a spreagadh.'

**Feidhmíocht na gClubanna Spóirt**
Tar éis dhá bhliain de chur isteach mar gheall ar COVID-19, eagraíodh socruithe agus imeachtaí spóirt arís agus ní raibh aon ghanntanas de bhuaicphointí sármhaithe spóirt i gceist le linn shéasúr 2021-22 i measc chlubanna spóirt Choláiste na Tríonóide. Ar bhuaicphointí spóirt na bliana, áirítear DUHAC (Club Cromán agus Lúthchleasaíochta Ollscoil Bhaile Átha Cliath) a bheith ag ceiliúradh 150 bliain de lúthchleasaíocht i gColáiste na Tríonóide le bonn óir d'fhoireann na mban agus bonn airgid ar an iomlán ag Craobhchomórtas Trastíre IUAA (Cumann Lúthchleasaíochta Ollscoileanna na hÉireann), thug imreoirí peile Gaelaí Choláiste na Tríonóide an craobh leo mar sheaimpíní mac léinn céad bhliana na hÉireann, bhí an bua ag foirne eitpheile Choláiste na

Tríonóide i gcomórtas na bhfear agus i gcomórtas na mban ag cluichí ceannais coirn Spórt na Mac Léinn in Éirinn (SSI), choinnigh foireann Rugbaí Choláiste na Tríonóide faoi 20 Corn Fraser McMullen agus d'éirigh thar cionn leo ag féile na ndathanna, áit ar bhain siad amach Corn bliantúil Dudley agus trofaí na nDathanna i gcoinne an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Fuair foireann rugbaí na mban i gColáiste na Tríonóide ardú céime chuig roinn a haon, agus bhí sársheásúr ag Cumann Líonpheile Choláiste na Tríonóide. D'éirigh thar cionn le Cumann Snámha agus Póló Uisce Ollscoil Bhaile Átha Cliath ag comórtas póló uisce idir-ollscoile, bhain foireann na bhfear an babhta ceannais amach agus thug siad an craobh leo i gcoinne Ollscoil Uladh i gcluiche fíorchorraitheach, a chríochnaigh ar scór 10-9.

Reáchtáladh Gradaim Spóirt Choláiste na Tríonóide ar an 9 Bealtaine 2022 i Staid Aviva, tar éis bhriseadh dhá bhliain. Fógraíodh trí ghradam déag agus searmanas na mBándearga ag an imeacht seo. Tá na gradaim bhliantúla oscailte do gach cumann spóirt, agus tugtar aitheantas leo don tiomantas thar na bearta a dhéanann lucht an phobail spóirt i gColáiste na Tríonóide. Ag an naoú Searmanas Gradam Bliantúil, a chuir an t-iriseoir craolacháin an Dr Máire Treasa Ní Cheallaigh i láthair, ba í Leah Paul a bhain amach an gradam Pearsa Spóirt na Bliana, a mbíonn an-tóir air, ba iad foireann peile Gaelaí na chéad bhliana i gColáiste na Tríonóide a bhuaigh Foireann na Bliana agus foireann ban DUHAC a ghnóthaigh Taispeántas na Bliana mar gheall ar chomh maith agus a chruthaigh siad ag Craobhchomórtais Trastíre IUAA.

**Scoláireachtaí agus Ardfheidhmíocht**

Fógraíodh na mic léinn a fuair scoláireacht ó Spórt Choláiste na Tríonóide ag searmanas i mí na Samhna 2022. Bhain na mic léinn seo le spóirt éagsúla, lena n-áirítear rugbaí, CLG, cispheil, cruicéad, lúthchleasaíocht agus rámhaíocht. Leis an gclár scoláireachta, tacaítear le lúthchleasaithe a bhfuil mianach iontu agus a bhfuil ag éirí thar cionn leo sa spórt is rogha leo agus ina gcúrsa acadúil freisin. I measc fhaighteoirí na scoláireachtaí, bhí Katie Mullan, imreoir hacaí le foireann na hÉireann; Kathryn Dane, imreoir rugbaí le foireann na hÉireann agus le foireann Uladh; Ruan Baird, imreoir rugbaí le foireann na hÉireann agus le foireann Laighean, agus Rebecca Stokell agus Leah Paul, imreoirí ar fhoireann sinsear na hÉireann sa Chruicéad.

# 4. Gníomhaíochtaí Taighde

## 4.1 Maoiniú Taighde

B'ionann luach na gníomhaíochta taighde (arna meas de réir caiteachas taighde) agus €115.3m, a fhágann gur tháinig ardú €10.2m (9.7%) ar leibhéil na bliana roimhe seo, le cóimheas Státchiste: neamh-Státchiste ag 63:37. Is í seo an seachtú bliain as a chéile inar sháraigh luach na gníomhaíochta taighde €100m. B'ionann luach na ndámhachtainí nua a cinntíodh sa bhliain agus €125m (2020/21: €151m).

Is dúshlán i gcónaí do mheicníochtaí tacaíochta na hOllscoile i ndáil le cúrsaí taighde é ráta na gcostas indíreach (20.2%) i gcomparáid le ráta 67% an Chostais Iomláin Eacnamaíochta agus is bearna mhaoinithe é sin a thagann chun cinn bliain i ndiaidh bliana, bearna nach mór aghaidh a thabhairt uirthi.

Bhí breis is 1,715 cuntas beo taighde i gceist sa bhliain 2022, a raibh 585 Príomhthaighdeoir á dtreorú agus ar thacaigh na gníomhaíochtaí taighde a bhain leo le thart ar 2,769 duine aonair (1,951 ball foirne agus 818 mac léinn PhD).

B'ábhar do 36 iniúchadh i gcaitheamh na bliana ab ea €23.6m a bhain le gníomhaíocht taighde, agus níor tháinig torthaí suntasacha ar bith chun cinn.

| Source of Research Funding | Year ended 30 September 2022 |
|---|---|
| Science Foundation Ireland | 33% |
| Commission of the European Union | 18% |
| Enterprise Ireland | 9% |
| Irish Research Council | 8% |
| Other Non-Exchequer | 8% |
| Irish Government / State Agency | 8% |
| Industry | 6% |
| Health Research Board | 5% |
| Charity | 5% |

## 4.2 Scoláireachtaí agus Gradaim a Gnóthaíodh

Lean baill foirne Choláiste na Tríonóide d'éachtaí a dhéanamh i dtaobh a gcuid gnóthachtálacha taighde agus bhain siad amach gradaim agus maoiniú náisiúnta agus idirnáisiúnta. Áiríodh i measc na ndámhachtainí a fuair taighdeoirí Choláiste na Tríonóide:

Bhain seachtar taighdeoirí i gColáiste na Tríonóide áit amach ar an liosta de thaighdeoirí a raibh líon ard luanna acu sa bhliain 2021. Na taighdeoirí sin ná David Loane, Ollamh Cúnta i Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta, Coláiste na Tríonóide; Valeria Nicolosi, Ollamh le Nana-Ábhair & Ard-Mhicreascópacht i Scoil na Ceimice, Coláiste na Tríonóide; Stefano Sanvito, Ollamh le Teoiric Damhna Chomhdhlúite i Scoil na Fisice, Coláiste na Tríonóide; Brian Lucey, Ollamh le hAirgeadas agus Tráchtearraí Idirnáisiúnta i Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide; Padraic Fallon, Ollamh le hImdhíoneolaíocht Aistritheach i Scoil Leighis Choláiste na Tríonóide agus Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide; Jonathan Coleman, Ollamh le Fisic Cheimiceach i Scoil Fisice Choláiste na Tríonóide agus Príomhthaighdeoir le CRANN agus le AMBER; agus Luke O'Neill, Ollamh le Bithcheimic i Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta, Coláiste na Tríonóide.

Is ar an Ollamh Yvonne Buckley a bronnadh teideal Taighdeoir na Bliana 2021 ón gComhairle um Thaighde in Éirinn as a cuid oibre a dhírítear ar fhás, síolrú agus marthanas speiceas plandaí agus ainmhithe. Déantar iniúchadh lena cuid oibre ar réitigh lena gcuirfear ar chumas na bithéagsúlachta maireachtáil trí athruithe domhanda atá ar bun cheana, lena n-áirítear an t-athrú aeráide.

Fuair an tOllamh Ruth Byrne agus an tOllamh Jennifer McElwain Boinn Óir ó Acadamh Ríoga na hÉireann i mí Aibreáin na bliana 2022 as a gcuid taighde, nuálaíochta agus as an méid atá déanta acu ar son earnáil an Ardoideachais in Éirinn.

Rinneadh ceiliúradh ar thaighdeoirí agus aireagóirí móra Choláiste na Tríonóide ag Gradaim Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide i mí Feabhra 2022, a cuireadh siar sa bhliain 2021 de dheasca COVID-19. Fuair John O'Leary, Ollamh le Paiteolaíocht, Gradam Nuálaíochta an Phropaist.

D'éirigh le dhá thionscadal taighde in AMBER Choláiste na Tríonóide maoiniú a fháil i Nollaig na bliana 2021 ó Chomhairle Nuálaíochta Eorpach, arbh ionann é sin agus an chéad uair ar éirigh le Coláiste na Tríonóide faoin gclár Fís Eorpach. Fuair siad maoiniú dar luach iomlán os cionn €6m.

Bronnadh os cionn €2m ar Ghrúpa Trialacha Acadúla Ailse Choláiste na Tríonóide i mí Nollag na bliana 2021 ón mBord Taighde Sláinte le haghaidh comhpháirtíochta chun tacú le trialacha cliniciúla maidir le hailse chun feabhas a chur ar shláinte agus ar chúram agus chun feabhas a chur ar chaighdeán saoil othar a bhfuil ailse orthu.

Fuair an tOllamh Paula Murphy, i dteannta foirne idirnáisiúnta taighdeoirí, deontas €1m chun ionphlandú sintéiseach teannáin agus ballnaisc a fhorbairt bunaithe ar theannáin shuthacha. Forbróidh an grúpa fíocháin bhoga a ndéanfar innealtóireacht ghéiniteach orthu bunaithe ar an gcaoi a fhorbraíonn teannáin sa suth, agus leis sin, féachfaidh sé le feabhas a chur ar tháirgeadh teannán agus ballnasc ionaid saorga.

Bhuaigh an Dr Kathy Ruddy an gradam Taighdeoir Luathghairme na Bliana 2021 ón gComhairle um Thaighde in Éirinn as a cuid tionscadal taighde a bhaineann leas as comhéadain inchinn le ríomhaire chun 'an inchinn a haiceáil,' chun tuiscint níos fearr a fháil ar mar a oibríonn sí, agus ar deireadh thiar, chun bheith ag obair i dtreo feidhmiú na hinchinne a fheabhsú.

Bhuaigh an Dr Éilish Burke gradam idirnáisiúnta i mí na Samhna 2021 as taighde rannpháirtíoch le daoine faoi mhíchumais intleachta. Bhuaigh sí gradam Éagsúlachta, Cothromais agus Ionchuimsitheachta an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Thaighde maidir le Foghlaim trí Mheán Seirbhíse agus Rannpháirtíocht Pobail mar aitheantas ar a cuid taighde.

Bhuaigh Josephine McCauley Gradam Institiúid na dTeicneoirí Fisice don bhliain 2021 i mí na Nollag 2021 as príomhról a bheith aici maidir le teileascóp I-LOFAR a phleanáil agus a dhéanamh.

Bhuaigh cúigear taighdeoirí i gColáiste na Tríonóide deontais Cruthúnais Coincheapa na Comhairle Eorpaí um Thaighde, ar fiú €150,000 an ceann iad: Is iad sin na hOllúna Valeria Nicolosi, Tríona Lally, Anna Davies, John Goold agus an Dr Matthew Campbell.

I mí Márta na bliana 2022, sheol an Tánaiste Leo Varadkar, i dteannta an Ollaimh Orla Hardiman agus an Ollaimh Vinny Wade, tionscadal €10m faoi threoir ADAPT agus FutureNeuro chun samhlacha tuartha maidir le dul ar aghaidh Galair Néarón Luadrach a chur chun cinn.

Bronnadh dámhachtainí na Comhairle Eorpaí um Thaighde ar an Dr Emma Tomlinson agus an Dr Fiona Smyth i mí Márta na bliana 2022. Fuair an Dr Tomlinson Deontas Comhdhlúiteora €2m dá tionscadal *LITH03: Quantifying the formation and evolution of the Archaean lithospheric mantle*. Bronnadh Deontas Tosaigh ar an Dr Fiona Smyth (ar fiú suas le €1.5m é) don tionscadal *SpectresCamouflage: The Sound of Silence* trína nasctar ailtireacht agus tógáil le ceol, stair mhíleata agus fuaimíocht.

Fuair taighdeoirí ó Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Timpeallachta agus Struchtúr i gColáiste na Tríonóide maoiniú arbh fhiú breis is €1m é chun dhá thionscadal nua a threorú bunaithe ar thaighde maidir le fuinneamh in-athnuaite agus le hiompar a dhícharbónú. Is iad an tOllamh Breiffni Fitzgerald agus an tOllamh Brian Caulfield a thabharfaidh ceannaireacht ar na tionscadail.

D'éirigh leis an Dr Michelle Browne an chomhaltacht Rising Talent d'eolaithe a bhfuil gealladh fúthu, comhaltacht arna cur ar fáil ag L'Oréal – UNESCO and Ireland for Women in Science 2021, a fháil i mí Mheán Fómhair 2021 as a cuid taighde ar tháirgeadh hidrigine glais i leictrealóirí uisce le haghaidh giniúint leictreachais.

Bronnadh €3.8m ar Choláiste na Tríonóide agus ar Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, i mí Aibreáin 2022 chun Lárionad Barr Feabhais i gCúrsaí Eacnamaíochta, Staire agus Beartais a bhunú.

Bronnadh €2,2m ar an Dr Esther Murphy ó Scoil na hInnealtóireachta le haghaidh clár nuálaíoch taighde do dhaoine fásta faoi mhíchumas intleachta.  Ba é EIT Health a bhronn an maoiniú ar feadh tréimhse trí bliana.

I mí Meithimh 2022, fuair an Dr Roja Fazaeli Deontas €2m ón gComhairle Eorpach um Thaighde chun saincheist rochtain na mban Moslamach ar cheartas san Eoraip a fhiosrú. Tabharfaidh an Dr Fazaeli ceannaireacht ar an tionscadal taighde cúig bliana dar teideal BILQIS: Building Conceptual and Methodological Expertise for the Study of Gender, Agency and Authority in Islam.

Ceapadh an tOllamh Rose Anne Kenny ina hOllamh Regius le Fisic (1637) i mí Iúil 2022.  Tá sé seo ar cheann de na hollúnachtaí is sine in Éirinn agus ar cheann de na hOllúnachtaí Leighis is sine san Eoraip.

Bhronn an Bord Taighde Sláinte €4m ar aon taighdeoir déag chun dul i ngleic le dúshláin sláinte dhomhanda. Lena gcuid taighde, cuirfear chun cinn forbairtí i ndáil le cóireálacha agus teiripí ar fud raon leathan de shláinte agus galair an duine, lena n-áirítear galar néaraimheathlúcháin, galar riospráide, ionfhabhtú shruth na fola, airtríteas, ailse agus an dúlagar.



## 5. Nuálaíocht agus Tráchtálú

Déanann Taighde & Nualaíocht Cholaíste na Tríonoíde an caidreamh idir pobal inmheánach taighdeoirí Cholaíste na Tríonoíde agus geallsealbhóirí seachtracha, lena n-áirítear gníomhaireachtaí maoinithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, dreamanna caipitil fiontair agus an lucht fiontraíochta, a bhainistiú agus a fhorbairt. Éascaítear an rannpháirtíocht leathan seo tríd an Oifig Forbartha Taighde, Oifig na gConarthaí, agus Oifig na Comhpháirtíochta Corparáide agus Malartaithe Eolais laistigh den aonad.

Buaicphointí:

- Mhol Coláiste na Tríonóide go leanfaí leis an tseirbhís saincomhairleoireachta atá aige, CONSULT Choláiste na Tríonóide, ar thug Knowledge Transfer Ireland (KTI) maoiniú dó don tréimhse 2018-21, níos faide ná an bhliain 2021. Is gné lárnach de thairiscint seirbhíse Oifig na Comhpháirtíochta Corparáide agus Malartaithe Eolais do chomhpháirtithe tionsclaíochta anois an tseirbhís sainchomhairleoireachta agus meallann sé go mór mór comhpháirtithe nach raibh baint acu le tráchtálú ollscoile roimhe seo.
- Chuir imeacht sárthaispeántais Choláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn-Choláiste na Tríonóide i gcomhar a reáchtáladh i mí na Samhna 2021 le rath imeacht na bliana seo caite, agus leathnaíodh an fócas le himeacht na bliana seo chun deiseanna comhoibrithe, ceadúnaithe agus sainchomhairleoireachta a áireamh. Tháinig méadú 18% ar an lucht freastail cláraithe ar fud 20 tír éagsúla (10 sa bhliain 2020).■• Ceadaíodh trí chuideachta campais sa bhliain 2021-22: ceann amháin i réimse an chúraim sláinte (Altach Biomedical) agus péire i réimse *TFC (Lir Labs*/Swan agus *Voicetune AI)*. Mar aon leis sin, cheadaigh Fiontraíocht Éireann dhá Ghnólacht Nuathionscanta Ard-Acmhainneachta sa bhliain 2021-22 (*E-seed Crop Technology Solutions Ltd. agus Biologit Ltd.)*.
- Bhí infheistíocht shuntasach á déanamh fós i gCuideachtaí Campais Choláiste na Tríonóide sa bhliain 2021-22 le maoiniú gnáthscaireanna agus maoiniú nach gnáthscaireanna iad. Mar shampla, d'éirigh le *CroíValve* €8m a chruinniú d'obair ar thrialacha cliniciúla; chruinnigh *ProVerum Medical* €30m chun tacú leis an gclár cliniciúil atá aige agus é ag súil leis an gaireas ceannródaíocht ProVee atá aige a thabhairt chun an mhargaidh; bronnadh dámhachtain Cláir Luasaire EIC ar fiú €2.4m é ar Akara Robotics; fuair *OneProjects*, a bhfuil an t-ainm nua Luma Vision air anois, $17m i maoiniú nua dá chuid teicneolaíochta íomháithe chairdiaigh 4T. Áirítear ar infheistíocht eile *Head Diagnostics* (€3.5m), *Danalt*o (€1.5m), *Altach Biomedical* (€150k), *Azadyne* (STG£1.9m (€2.2m), *Swan Lir Labs* (€900k), *Biologit* (€1m) agus *CropBiome* (€1m maoiniú gnáthscaireanna /€1.4m maoiniú nach gnáthscaireanna é).
- Shealbhaigh Mission Springs Ventures and Pacific Lake Ventures *Empower the User (2008)* ar tháille os cionn $50m i mí Iúil 2021.
- Forghníomhaíodh dhá Cheadúnas maoine intleachtúla is fiche do raon leathan comhpháirtithe tionsclaíochta, cuideachtaí campais, fiontar beag is meánmhéid agus corparáidí ilnáisiúnta.
- Déantar polasaí maoine intleachtúla Choláiste na Tríonóide, "Polasaí, Cleachtas agus Rialacháin i Maoin Intleachtúil" a athbhreithniú gach trí bliana. Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe rollaigh seo, cuireadh próiseas mionsonraithe athbhreithnithe agus ceadaithe ar bun sa bhliain 2022.
- Bhí Coláiste na Tríonóide agus Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn ina gcomh-óstaigh ar an gclár MedTech Innovator i mí Aibreáin 2022, ina raibh páirt ag seacht dtionscadal teicneolaíochta leighis de chuid Choláiste na Tríonóide (*Head Diagnostics, InjurySense, VertiGenius* agus tionscadail atá ag teacht chun cinn darb ainm *ProACT Health*, Altach, *MitrAdapt agus PLIO Surgical*).
- Leis an gcéad cheadúnas tástála a bhronn *ComReg*, cumasófar taighde ar líonraí cumarsáide don chéad ghlúin eile (CONNECT).

**Tionsclaíocht**

Síníodh dámhachtainí tionsclaíochta arbh fhiú €8.1m iad i rith na bliana 2021-22 de thoradh caidreamh leanúnach forfheabhsaithe le comhpháirtithe tionsclaíochta. Áirítear ar shamplaí de chomhshaothair shuntasacha:

- Seoladh Precision ASL i mí Márta 2022. Is clár taighde acadúil, cliniciúil agus tionsclaíochta é an clár seo lena gcuirfear ar fáil léargas nua ar an tuiscint atá againn ar Ghalar Néarón Luadrach.
- Shínigh Coláiste na Tríonóide agus IBM Meabhrán Tuisceana i mí Mheán Fómhair a raibh sé mar aidhm leis dul sa tóir ar thaighde agus ar fhionnachtain luathaithe, agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcaidreamh atá idir na comhpháirtithe cheana féin, forbairt lena n-áirítear clár réamh-PhD do mhic léinn chumasacha a bhfuil spéis acu i PhDanna a dhéanamh i réimsí na ríomhaireachta candamaí, na hintleachta saorga, na slándála agus na fionnachtana luathaithe.
- I mí Meithimh 2022, chuaigh Coláiste na Tríonóide agus Ospidéal San Séamus, Baile Áth Cliath, i mbun comhpháirtíocht straitéiseach le Legend Biotech chun samhlacha tríthoiseach a fhorbairt lena bhfiosraítear teiripí T-cheall le gabhdóir ciméarach aintaiginí (CAR-T) i siadaí soladacha.
- I mí Márta na bliana 2022, chuaigh *Artelo Biosciences* i mbun an dara comhoibriú leis an Ollamh Richard K. Porter, PhD, ó Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta. Déanfaidh sé iniúchadh ar bhonn móilíneach an choisc próitéine nasctha airgéid shailligh in ailse agus acmhainn ardán ART26.12 maidir le siadaí éagsúla a chóireáil.

**Sainchomhairleoireacht**

Ar bhuaicphointí Aonad Sainchomhairleoireachta Bainistithe Choláiste na Tríonóide, CONSULT Choláiste na Tríonóide, áirítear:

- síníodh 45 comhaontú sainchomhairleoireachta san iomlán
- ba é €805,188 luach iomlán na gcomhaontuithe sainchomhairleoireachta a síníodh
- Cuireadh tionscadal sainchomhairleoireachta maidir le hIontaobhas Aibhneacha Inis Eoghain ar an ngearrliosta do ghradaim KTI Impact na bliana 2021.

## 5.1 Maoiniú Taighde

- Le linn na bliana acadúla 2021-22, láimhseáil an Oifig Forbartha Taighde 1,119 iarratas ar chistí taighde a raibh luach €431m acu.
- Sa bhliain 2021-22, bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann €30m san iomlán ar Choláiste na Tríonóide. Sa tréimhse chéanna, phróiseáil Oifig na gConarthaí breis is 986 conradh taighde a raibh luach iomlán €165m in éineacht leo, ar bronnadh 804 ceann díobh ar Choláiste na Tríonóide (arbh fhiú €153m iad) agus ar eisíodh 18 ceann díobh (arbh fhiú €12.4m iad) d'eintitis sheachtracha.
- Dámhachtainí Oscailte Treo-Aimsitheora na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí: Ba iad an tOllamh Rocco Lupoi agus an tOllamh Valeria Nicolosi (Thermodust) agus an tOllamh Graham Cross (SSLIP) na chéad daoine ó Choláiste na Tríonóide ar bronnadh na dámhachtainí nua Fhís Eorpach seo orthu (€6m).

## 5.2 Maoin Intleachtúil

Fuair an Oifig um Chomhpháirtíocht Chorparáideach agus Malartú Eolais 54 nochtadh maidir le maoin intleachtúil nuálach a chruthaigh taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide, comhdaíodh 16 iarratas nua ar phaitinn, agus deonaíodh 22 ceadúnas tráchtála. Ceadaíodh trí chuideachta nua campais de chuid Choláiste na Tríonóide.

| | 2017-18 | 2018-19 | 2019-20 | 2020-21 | 2021-22 |
|---|---|---|---|---|---|
| Foirm nochta aireagáin | 80 | 62 | 55 | 48 | 54 |
| Paitinní | 19 | 13 | 27 | 16 | 16 |
| Ceadúnais | 27 | 16 | 26 | 32 | 22 |
| Cuideachtaí campais agus mac-chuideachtaí | 5 | 4 | 5 | 8 | 3 |

* Refers to licences, options and assignments

## 5.3 LaunchBox agus Blackstone LaunchPad

Ó cuireadh LaunchBox, an clár gorlainne iomráiteach do mhic léinn arb é Luasaire Mac Léinn Tangent é, ar bun sa bhliain 2013, tá bonn curtha aige faoi níos mó ná 120 gnólacht nuathionscanta a lean ar aghaidh chun breis is €75 milliún de mhaoiniú agus d'infheistíocht a chruinniú. Ar na gnólachtaí a bhí páirteach sa chlár roimhe seo, áirítear TouchTech Payments a shealbhaigh Stripe ar tháille nár nochtadh, Artomatix a sealbhaíodh ar tháille os cionn $60m sa bhliain 2019, agus Foodcloud a bhfuil os cionn 100m béile dáilte acu ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann trí chur amú bia a laghdú.

Roghnaíodh deich gcinn de mheithle gnólachtaí nuathionscanta faoi stiúir mic léinn chun páirt a ghlacadh i LaunchBox le linn shamhradh na bliana 2022 – agus bhain siad leas as cóitseáil, comhairle saineolais, síolchistíocht agus deis ar spás agus áiseanna gorlainne. Ba é seo an chéad chlár a reáchtáladh ar an láthair ó bhí ráig COVID-19 ann sa bhliain 2020.

I measc na rannpháirtithe ar chlár na bliana seo, bhí an fiontar sóisialta Script, a chuidíonn le hinimircigh, dídeanaithe, lucht iarrtha tearmainn agus duine ar bith a mbíonn deacracht acu le foirmeacha rialtais a chomhlíonadh chun é sin a dhéanamh ina dteanga dúchais. Ba é Ecode, ardán cumarsáide don fhaisean ciorclach, a bhuaigh LaunchBox 2022. Bunaíodh Ecode le linn haiceatón Dhúshlán Nuálaíochta an Phopaist 2021-22, 'Finishing With Fast Fashion'. Trí Ecode, déantar tomhaltóirí a chumasú chun cinntí níos eolaí agus níos inbhuanaithe a dhéanamh ar líne agus istigh sa siopa.

Níl i LaunchBox ach aon bhealach amháin trínar féidir le mic léinn bunchéime agus iarchéime Choláiste na Tríonóide a gcuid scileanna fiontraíochta a chothú. Le Tangent, Spás Oibre na Smaointe i gColáiste na Tríonóide, cuirtear ar fáil raon leathan clár do mhic léinn, baill foirne, alumni agus an pobal, leis an gclár Gorlainne Oscailte, haiceatóin agus dúshláin nuálaíochta, máistir-ranganna, oideachas iarchéime, meantóireacht, agus rochtain ar éiceachóras na ngnólachtaí nuathionscanta go hidirnáisiúnta.

## 6. Acmhainní Daonna


Cuirtear chun cinn fís na hOllscoile le hAcmhainní Daonna trí bhaill phobal Choláiste na Tríonóide a chumhachtú agus a chumasú le bheith faoi bhláth. Tacaíonn an Rannóg Acmhainní Daonna le daoine aonair, le foirne agus le feidhmíocht na hOllscoile agus déanann sí iad a láidriú. Déantar é seo trí réitigh a fhorbairt agus a chur ar fáil lena gcumasaítear lucht Choláiste na Tríonóide chun eagraíocht éifeachtach sholúbtha a dhéanamh den choláiste, ina bhfuil an meas céanna ar gach ball den phobal. Is é an Mheitheal Comhpháirtíochta AD an condúit trína gcuirtear cuid mhór de na seirbhísí AD ar fáil do phobal an Choláiste.

Is féidir an obair a cheapadh le trí cinn de phríomhcholúin:

- Cumas Daoine
- Abhcóideacht ar son Daoine
- Oibríochtaí maidir le Daoine

### 6.1 Cumas Daoine

Tá gníomhaíocht earcaíochta ag fás i gcónaí ar fud Choláiste na Tríonóide. Bhí na leibhéil earcaíochta is airde riamh ann sa bhliain 2021-22, agus líonadh raon leathan ról lenar cuimsíodh gach cineál gníomhaíochta Ollscoile: poist acadúla (107) lena n-áirítear ceithre phost Ollúnachta; agus poist Gairmiúla agus Tacaíochta (436) lena n-áirítear róil ar fud réimsí éagsúla amhail poist Theicniúla, poist Bainistíochta agus Riaracháin, róil le Foirgnimh agus Seirbhísí agus róil sa Leabharlann. *(tabhair ar aird: déantar taighdeoirí agus roinnt róil tógála a earcú go háitiúil agus mar sin ní áirítear comórtais earcaíochta sna figiúirí seo)*



Le linn na bliana, fuarthas 8,786 iarratas ar róil, cuireadh breis is 2,400 duine ar ghearrliostaí le haghaidh agallaimh, agus eisíodh 531 tairiscint ar phost. As na tairiscintí a eisíodh, glacadh le 92% díobh ag an rogha iarrthóir.

Gineadh tríocha trí faoin gcéad den earcaíocht mar gheall ar phoist nua á gcruthú, agus bhí folúntais ionaid i gceist i gcás 67% de na róil. Tá neamhfhreastal deonach íseal i gcónaí ag 2.8%. Cruthaíodh go leor de na folúntais ionaid mar gheall ar dhaoine a bheith ag athrú ról, a léirigh go mbíonn deiseanna maithe ann ó thaobh soghluaiseacht gairme de. Ceapadh 194 comhalta foirne de chuid Choláiste na Tríonóide i ról nua sa bhliain acadúil seo, le 52% de na daoine ceaptha sin ag bogadh go céim níos airde.

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na dtaighdeoirí atá ann freisin, le 550 comhalta taighde agus 380 cuntóir taighde fostaithe i gColáiste na Tríonóide le linn na tréimhse seo. Cé go mbainistítear an earcaíocht go háitiúil, ba é toradh an mhéadaithe leanúnaigh sna róil seo ná gur eisigh foireann na gconarthaí 1,700 conradh do cheapacháin a tharla taobh amuigh de phróisis earcaíochta.

**Ardú Céime an Aosa Léinn**

Thacaigh Foireann Fheidhmíocht an Lucht Foirne agus Athbhreithnithe le Gairm 2020 maidir le hArdú Céime an Aosa Léinn Shinsearaigh sa bhliain 2021-22. Fuarthas 135 iarratas faoin nGairm seo agus d'éirigh le 48 iarrthóir ardú céime a fháil. As na hiarrthóirí a fuair ardú céime, ardaíodh 29 díobh chuig Comhollamh, ardaíodh 11 chuig Ollamh sa, ardaíodh ceathrar chuig Comhollamh/Sainchomhairleoir agus ardaíodh ceathrar chuig Ollamh le (Ollúnacht Phearsanta).

Tacaíodh leis an ngairm seo le ceardlanna eolais d'iarratasóirí ionchais maidir le hArdú Céime an Aosa Léinn Shinsearaigh ar fud na ndámha, le breis is 300 duine den fhoireann acadúil ag freastal orthu sa bhliain 2021-22. Seoladh Gairm 2021 maidir le hArdú Céime an Aosa Léinn Shinsearaigh i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus táthar leis an bpróiseas a thabhairt chun críche i mí Márta 2023.

I gcaitheamh na tréimhse seo, fuair an Coiste um Ardú Céime an Aosa Léinn Shinsearaigh sé iarratas ar choinneáil. Bhí rath ar cheithre cinn díobh sin, tarraingíodh siar ceann amháin, agus bhí ceann amháin gan rath.

Chuir Coiste Dhul Chun Cinn an Aosa Léinn Shóisearaigh 13 Ollamh Cúnta a bhí ar Bhealach Tionachta faoi agallamh dá nAthbhreithniú Deiridh Tionachta. D'éirigh le gach duine den 13 duine sin agus ar aontú an Bhoird leis, eisíodh na conarthaí buana. Ina theannta sin, ar an 31 Eanáir 2022, sheol Coiste Dhul Chun Cinn an Aosa Léinn Shóisearaigh gairm ar iarrthóirí atá ag an teorainn tuillteanais faoi láthair chun teacht chun cinn le hathbhreithniú agus chun go ndéanfadh na hiarrthóirí iarratas ar chur chun cinn luathaithe; fuarthas 34 iarratas san iomlán, agus cé go bhfuil an próiseas idir lámha go fóill, bhí rath ar 23 duine lena n-iarratas go dtí seo.

Sa bhliain 2021-22, cuireadh an Gairm maidir le hArdú Céime Lucht Foirne Cliniciúil ar siúl ó mhí Márta 2021 go dtí mí Feabhra 2022. Fuarthas 72 iarratas, dhá iarratas ar phost an Léachtóra Shinsearaigh Chliniciúil, 46 iarratas ar phost an Ollaimh Chúnta Chliniciúil agus 24 iarratas ar phost an Ollaimh Chliniciúil. As an 72 iarratas sin, d'éirigh le 55 iarrthóir ardú céime a fháil. As na hiarrthóirí ar tugadh ardú céime dóibh, ardaíodh beirt díobh chuig Leachtóir Sinsearach Cliniciúil, ardaíodh 37 chuig Ollamh Cúnta Cliniciúil agus ardaíodh 16 chuig Ollamh Cliniciúil.

**Forbairt**

Cuireadh dhá céad is dhá imeacht foghlama déag ar fáil sa bhliain 2021-22 sna catagóir seo a leanas, ar ghlac 3,611 duine páirt iontu.

- Forbairt scileanna gairmiúla agus pearsanta
- Clár Forbartha d'Ollaimh Chúnta i mBliain 1 – 4
- Cláir Forbartha maidir le Ceannaireacht
- Bearta idirghabhála saincheaptha bunaithe ar mheithle ar fud na hOllscoile
- Bearta idirghabhála chun buanna na mball foirne a chothú, lena n-áirítear meantóireacht don aos léinn agus cóitseáil
- An tSraith maidir le Dea-bhail an Duine

Lean an Fhoireann Forbartha Foghlama & Eagraíochta de bheith ag cur clár ar líne ar fáil, ina raibh béim ar scileanna praiticiúla bainistíochta agus ceannaireachta ó thaobh ceannaireacht a thabhairt maidir le haistriú, mar aon le béim láidir ar an bhfolláine.

Cuireadh feabhas ar roinnt tairiscintí forbartha a bhí ann cheana:

- Clár Forbartha Aurora maidir le Ceannaireacht na mBan - tá an clár seo á fhorbairt i gcónaí leis na cláir Advance HE, le tacaíocht ó chlár inmheánach.
- Tugadh isteach cláir mhodúlacha foireann-bhunaithe chun tacú le foirne feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht i gcomhthéacs oibre hibridí agus cumaisc.
- Eagraíodh an clár Scileanna Gairmiúlachta do Cheannairí Taighde le 30 rannpháirtí. Leanadh den tsraith máistir-ranganna chun tacú le rannpháirtithe an chláir a nuashonrú bunaithe ar aiseolas ó rannpháirtithe. Tugadh isteach ceiliúradh ar éachtaí ar líne agus thacaigh Oifig Dhéin an Taighde leis.
- Tugadh isteach cláir idir-ollscoileanna; (1) i gcomhar le EDI, dhá chlár lenar díríodh ar bheith ag tacú le dul chun cinn comhaltaí acadúla mná - APP agus Vista. (2) Cuireadh clár piarmheantóireachta i bhfeidhm ar bhonn píolótach le béim ar bhainisteoirí nuacheaptha agus fuarthas dea-aiseolas ina leith sin.
- Cé gur leanadh le seisiúin tionscnaimh ghinearálta ar líne, nuashonraíodh an leagan amach a bhí orthu.
- Cuireadh chun cinn cúrsaí LinkedIn Learning ar gach comhfhreagras ó Fhoireann Forbartha Foghlama & Eagraíochta na foirne Acmhainní Daonna trí chatalóga a raibh téamaí ábhartha leo a chur ar fáil.

**Foghlaim Ar Líne**

Leanadh le LinkedIn Learning a úsáid faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim, is é sin díreach faoi bhun 3,000 úsáideoir gníomhach sa tréimhse seo. É sin ráite, baineann na húsáideoirí gníomhacha an-úsáid as an ardán, le breis is 3,000 cúrsa agus 100,000 físeán tugtha chun críche sa tréimhse. Leanadh de chatalóga LinkedIn Learning a fhorbairt chun tacú leis na cláir ar fad; mar sin féin, déantar iad sin a thairiscint mar réamhobair roghnach seachas mar réamhriachtanais mar go dtugann foghlaimeoirí le fios go bhfuil srianta ama agus acmhainne orthu. Leantar de chatalóga cuimsitheacha a nuashonrú chun Inniúlachtaí Choláiste na Tríonóide don fhoireann Ghairmiúil agus Tacaíochta a nascadh le hacmhainní LinkedIn Learning, agus déantar iad a fhoilsiú ar láithreán gréasáin Choláiste na Tríonóide. Leantar de Vitae a chur ar fáil don uile dhuine den fhoireann acadúil agus den fhoireann taighde agus dóibhsean atá ceangailte le gnóthaí taighde mar thairseach suntasach acmhainní ar líne.

## 6.2 Abhcóideacht ar son Daoine

Ba ghnóthach an bhliain arís í ag an bhfoireann AD ag cur comhairle sárchleachtais, cúnamh taca agus cóitseála ar fáil do phobal an Choláiste maidir le ceisteanna a bhain le daoine a láimhseáil. Chuir an fhoireann AD dlús breise leis an gcaidreamh le hionadaithe ceardchumainn, le ceannasaithe agus le bainisteoirí d'fhonn timpeallacht oibre agus staidéir chomhchuí thairbheach a chinntiú don lucht foirne agus do na mic léinn.

Luath i dTéarma na Féile Michíl, tugadh mionsonraí a bhain le scéim Cosanta Ioncaim Deonaí agus Árachais Saoil Dheonach don lucht foirne chun críche, a comhaontaíodh ag ráta fíoriomaíoch í. Rolladh amach í seo agus glacadh go fonnmhar léi i measc na ndaoine a bhí incháilithe lena haghaidh.

Lean an fhoireann AD le tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil maidir le socruithe oibre agus saoire a bhain le COVID-19, ag cur an t-eolas is deireanaí ar fáil le linn Théarma na Féile Michíl agus ansin maidir le maolú bhearta speisialta COVID-19 agus an lucht foirne a bheith ag filleadh ar an ionad oibre le linn Théarma na Féile Bríde.

Thug an fhoireann AD ceannaireacht i dtaobh Polasaí Píolótach na hOllscoile maidir le hObair Chumaisc a fhorbairt, ar rolladh amach é ar bhonn píolótach ar fud na hOllscoile. Thacaigh an fhoireann AD le bainisteoirí daoine agus chuir sí comhairle orthu maidir le tabhairt isteach agus cur i bhfeidhm an pholasaí, ag cuidiú leo le deacrachtaí a shárú ó thaobh baill foirne a thabhairt ar ais chuig an ionad oibre i dTéarma na Féile Bríde sa bhliain acadúil 2021-22.

Ghlac an fhoireann AD ról gníomhach i bhforbairt an Chreata Comhthoilithe, trí ghrúpaí fócais a chur ar bun leis an lucht foirne agus le mic léinn araon maidir leis an athbhreithniú ar pholasaí Dínite & Measa na hOllscoile. Tríd an gcomhairliúchán, fuarthas aiseolas lenar forbraíodh plean feidhmithe chéimnigh agus cur chun feidhme a áiríonn Polasaí nua maidir le Mí-Iompar Gnéis, daoine breise, agus acmhainní oiliúna, mar aon le Plean Cumarsáide agus láithreán gréasáin tiomnaithe á bhforbairt. Beidh ról tábhachtach réamhghníomhach ag na polasaithe nua seo agus ag an bplean chun tacú lena gcur i bhfeidhm ó thaobh cultúr sábháilte measúil tacúil a chothú san institiúid do na mic léinn agus don lucht foirne araon.

Le linn na tréimhse seo, thug an fhoireann Caidrimh idir Fostóir agus Fostaithe ceannaireacht ar son na hOllscoile ar shaincheisteanna aonair agus ar shaincheisteanna a bhain leis an bhfoireann in éineacht ag 12 comhdháil idir-réitigh de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, i gceithre fiosrúchán ag oifigigh breithniúcháin agus ag ceithre éisteacht sa Chúirt Oibreachais. Ina theannta sin, chuidigh an fhoireann le bainisteoirí/ceannairí maidir le fiosruithe inmheánacha ionaid oibre faoi phróisis chasaoide, araíonachta agus dínite agus measa.

## 6.3 Oibríochtaí maidir le Daoine

Tá le háireamh ar phríomhchuspóirí na rannóige AD go gcinntítear go bhfuil próisis AD i bhfeidhm atá éifeachtúil, éifeachtach agus furasta a úsáid. Tar éis córas AD CORE a nuashonrú sa bhliain 2019, tá clár ilbhlianta i bhfeidhm ag an rannóg AD chun próisis AD a bheachtú agus a chuíchóiriú. Leanfar leis an gclár go ceann roinnt blianta leis an infheistíocht a theastaíonn chun go mbainfear amach an sprioc sin.

Sa bhliain acadúil seo, leis an méadú ar líon na bhfostaithe, tá tionchar díreach ar an líon atá á bhainistiú, agus tá an fhoireann AD ag tabhairt tús áite don líon méadaithe seo a bhainistiú, fad atá sí ag leanúint le próisis a chuíchóiriú ag an am céanna. Cuireadh i bhfeidhm dámhachtainí pá le linn na bliana acadúla seo dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart, rud a bhí daoine an-sásta leis.

Le linn na bliana, bhí béim ar fhoirmeacha a uathoibriú agus ar shruthanna oibre a fhorbairt chun go leor foirmeacha láimhe a bharrfheabhsú. Sa chéad bhliain acadúil eile, tabharfar an clár píolótach dar teideal Research Nominations chun críche agus tacóidh uathoibriú breise le heispéireas an bhainisteora agus le heispéireas an fhostaithe.

Ba é an toradh a bhí ar phróisis a fheabhsú ná aistriú pá breis is 500 fostaí ó bheith á íoc go seachtainiúil go bheith á íoc in aghaidh na coicíse.

eLeave (taifeadadh leictreonach ar shaoirí) Tá rolladh amach an chórais faoi lán seoil agus tá fonn dá chur i bhfeidhm ag méadú i rannóga agus scoileanna ar fud na hOllscoile. Tríd an rolladh amach seo, táthar ag cumasú bainistiú áitiúil saoire agus taifeadadh lárnach saoire a thacaíonn le teaghlaigh, trína gcuirtear ar chumas Choláiste na Tríonóide beart a dhéanamh de réir a bhriathair ó thaobh a chuid gealltanas faoi Athena Swan.

Rinneadh Deaiseanna Daoine a athfhorbairt le linn na tréimhse seo le go gcuirfí ar fáil iad ar bhealach níos so-úsáidte agus níos inrochtana. Leis na deaiseanna seo, tugtar faisnéis ag leibhéal na hOllscoile agus ag leibhéal Oibríochta na rannóige AD, agus déantar iad a scaipeadh go míosúil chuig an mBainistíocht Shinsearach chun forléargas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí agus ar líon na mball foirne ina réimsí ar leith agus ar fud na hOllscoile.

## 7. Tionscnaimh agus Mórócáidí na hOllscoile

Bhí roinnt tionscnamh agus mórócáidí nua i gColáiste na Tríonóide le linn na bliana acadúla 2021-22.

Sheol an Taoiseach Micheál Martin athchruthú tumthach digiteach ar Oifig na dTaifead Poiblí agus ar na bailiúcháin a bhí inti i mí Meithimh 2022. B'ionann Taisce Taifead Fhíorúil na hÉireann agus toradh cláir taighde cúig bliana a fuair maoiniú ón Stát, a raibh an teideal 'Ó 2022 Amach' air agus ar thug Coláiste na Tríonóide ceannaireacht ina thaobh. Leis an gclár Ó 2022 Amach, meascadh fiosrú staire, caomhnú cartlainne agus nuálaíocht theicniúil chun athshamhlú agus athchruthú a dhéanamh, trí mheán na teicneolaíochtaí digiteacha, ar an gcartlann a scriosadh ar an 30 Meitheamh 1922.

Seoladh taispeántas dar teideal *"If a female had once passed the gate …': Trinity Women Graduates Centenary Exhibition 1922-2022,"* i mí Aibreáin 2022 sa tSean-Leabharlann chun ceiliúradh a dhéanamh ar 100 bliain de Chéimithe Mná Choláiste na Tríonóide. Baineadh leas as grianghraif, litreacha, taifid riaracháin agus cuimhní cinn a bailíodh chun cur síos a dhéanamh ar an bhfeachtas fada a tugadh faoi chun cead isteach a fháil, ar éachtaí na luathchéimithe mná agus ar an gcath ar son an chomhionannais a throid mic léinn agus baill foirne mná.

Tugadh aitheantas do thiomantas Choláiste na Tríonóide i leith an chomhionannais inscne i mí Mheán Fómhair 2021 agus i mí Márta 2022 nuair a bronnadh cúig ghradam Athena Swan eile ar an Ollscoil. Ar fhaighteoirí na ngradam i mí Mheán Fómhair, bhí Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta, Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide, Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide agus Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta. I mí Márta, d'éirigh le Scoil an Leighis áit a bhaint amach i measc fhaighteoirí na ngradam, ag fágáil gur 15 gradam Athena SWAN a bhí ag Coláiste na Tríonóide san iomlán.

Insealbhaíodh an t-iarPhríomh-Bhreitheamh Frank Clarke ina Leas-Sheansailéir i mí Aibreáin 2022. Is abhcóide Éireannach é Frank Clarke a raibh post Phríomh-Bhreitheamh na hÉireann aige agus a raibh gairm bheatha rathúil mar abhcóide aige, le cleachtas leathan sa dlí tráchtála agus sa dlí phoiblí. Ceapadh é chun na hArd-Chúirte sa bhliain 2004 agus rinneadh breitheamh den Chúirt Uachtarach de i mí Feabhra 2012.

Bhuaigh CHARM-EU agus Coláiste na Tríonóide an Gradam don Tionscadal Comhoibrithe Idirnáisiúnta is Fearr i mí Aibreáin 2022 mar aitheantas ar thionchar na comhpháirtíochta idir Coláiste na Tríonóide agus ceithre chomhalta eile de Chomhaontas CHARM-EU. Tá eispéireas foghlama á thairiscint ag an gcomhaontas a bhfuil an tsoghluaiseacht agus an ionchuimsitheacht lárnach dó, agus táthar ag cur samhail teagaisc ar fáil atá bunaithe ar dhúshláin agus dírithe ar mhic léinn, lena gcomhtháthaítear taighde, teagasc agus nuálaíocht.

I mí Mheán Fómhair 2021, sheol Coláiste na Tríonóide *Together Consent Outreach Programme* ina gcuimsítear uirlisí, ceardlanna agus láithreán gréasáin bunaithe ar oideachas comhthoilithe ar a bhfuil faisnéis faoi chomhthoil, dea-eispéiris ghnéis, tacaíochtaí do mharthanóirí foréigin ghnéis, cuir chuige atá trámathreoraithe don lucht foirne agus faisnéis agus oiliúint do mhic léinn, baill foirne agus institiúidí eile.

Chuir pobal Choláiste na Tríonóide fáilte roimh Phrionsa Albert II Mhonacó i mí Mheán Fómhair 2021, tráth ar cuireadh searmanas nochta ar siúl chun ceiliúradh a dhéanamh ar mhórthabhartas a thug sé i leith chaomhnú na Sean-Leabharlainne, áit ar nochtadh fríos ar a bhfuil a ainm ar ghailearaí Sheomra Fada na Sean-Leabharlainne, taobh le hainmneacha bhronntóirí bunaidh na Leabharlainne. Cuireadh searmanas nochta ar siúl freisin chun fríos ar a bhfuil ainmneacha a Mhórgachta Ríoga Prionsa Albert II agus a Mórgachta Ríoga Banphrionsa Charlene Mhonacó, ar Bhalla Tabharthóirí na hOllscoile ag an mbealach isteach chun Halla Bia Choláiste na Tríonóide, a nochtadh.

An mhí ina dhiaidh sin, chuir lucht Choláiste na Tríonóide fáilte roimh an Uachtarán Frank-Walter Steinmeir agus roimh Chéadbhean Elke Büdenbender.

**Buaicphointí maidir le hInbhuanaitheacht**

I mí Mheán Fómhair 2021, cheadaigh comhaltaí an Bhoird an fhoireann nua ceannaireachta, lena n-áirítear an Leas-Uachtarán don Bhithéagsúlacht agus don Ghníomhú ar son na hAeráide. I mí Bealtaine 2022, thosaigh an tOllamh Jane Stout ina ról nua mar Leas-Uachtarán Choláiste na Tríonóide don Bhithéagsúlacht agus don Ghníomhú ar son na hAeráide. I mí Iúil, thosaigh Jane Hackett ina ról mar chéad Bhainisteoir Inbhuanaitheachta lánaimseartha Choláiste na Tríonóide.

Foilsíodh iniúchadh bithéagsúlachta Choláiste na Tríonóide - Bithéagsúlacht Choláiste na Tríonóide a Aimsiú - i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus cuireadh deich moladh shonracha chun cinn ann, lena n-áirítear straitéis bhithéagsúlachta agus clár for-rochtana a fhorbairt chun an pobal i gcoitinne a tharraingt isteach. Tarraingíodh aird sa tuarascáil ar an gcaoi gur baile é Coláiste na Tríonóide d'fhlúirse beathra anuas ar na speicis fiadhúlra sáraitheanta a mbíonn trácht orthu sna ceannlínte - sionnaigh, crainn agus gabhláin ghaoithe - agus na páirceanna imeartha glasa agus cearnóga atá bearrtha go néata, a bhfuil aithne fhorleathan orthu. Tá bithéagsúlacht mhór faoi cheilt ann i bhfoirm plandaí, feithidí, fungas agus créatúir eile, nach dtugtar faoi deara go leor díobh.

I mí na Samhna, fágadh é faoi phobal Choláiste na Tríonóide chun vóta a chaitheamh maidir leis an tionscadal a gheobhadh €5,000 ó Chiste an Phropaist maidir le Gníomhú ar son na hAeráide i gcomhar le Comhdháil Páirtithe na Náisiún Aontaithe (COP26). Ba thionscadal Gairdín Uirbigh ar champas an tionscadal a roghnaíodh, a mhol taighdeoir PhD in AMBER, Eleanor Flora-Mullen. Bainfidh sí leas as na cistí chun spás faoi threoir na mac léinn a chruthú chun bia agus plandaí a fhás, a mbainfear úsáid as teicnící inbhuanaithe garraíodóireachta ina leith.

Le linn na bliana acadúla seo, tugadh lucht Choláiste na Tríonóide agus an Compántas Amharclannaíochta Brokentalkers le chéile trí thionscadal dar teideal RISING chun deiseanna a chur ar fáil d'áitritheoirí a raibh cónaí orthu thart ar Cheantar na nDugaí i mBaile Átha Cliath ionchur a bheith acu i gceist an ghníomhaithe ar son na haeráide trí cheardlanna agus cruinnithe cruthaitheacha le heolaithe aeráide. Ghlac an grúpa ilchineálach páirt i gceardlanna cruthaitheacha rialta maidir le gníomhú ar son na haeráide lena n-áirítear taispeántas a thabhairt ag Acadamh Lir i mí Aibreáin 2022, áit a ndearna siad cur i láthair corraitheach ar a léargas ar ghníomhartha áitiúla maidir leis an athrú aeráide agus ar a gcuid taithí i ndáil leis.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, fógraíodh an tOllamh Anne Davies ina Cathaoirleach nua an Ionaid Athfhionnachtana, Ionad Náisiúnta na hÉireann don Gheilleagar Ciorclach. Beidh a ról ríthábhachtach maidir le naisc, smaointe agus acmhainní a chothú chun tacú le stíl mhaireachtála ísealcharbóin níos glaise. Tá a cuid oibre ag cur chun cinn tiomantas Choláiste na Tríonóide i leith rannpháirtíocht shibhialta níos láidre agus i leith coláiste ina dtabharfaí tús áite do cheisteanna aeráide.

I mí Bealtaine 2022, le foilsiú a straitéise nua, ghabh Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide uirthi féin go n-éireodh léi a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoin mbliain 2030. Leis an lear mór spriocanna straitéiseacha a leagadh amach ar fud na leibhéal uile teagaisc agus oibríochtaí, féachtar le straitéis nua Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide an scoil a áitiú mar an scoil ghnó san Eoraip is rogha le mic léinn a dteastaíonn uathu 'cúrsaí gnó a chlaochlú chun feabhais.'

Ghlac lucht Choláiste na Tríonóide cur chuige plandabhunaithe don 20ú bliain den tSeachtain Ghlas, lena díríodh ar réitigh a aimsiú maidir leis na córais bia atá againn, ón bhfeirm go dtí an forc. Le linn na seachtaine, labhair an cócaire Darina Allen mar dhuine de phainéal bithéagsúlachta, labhair an scríbhneoir ábhar taistil Manchán Magan faoi thaisteal inbhuanaithe agus d'óstáil mic léinn malartú éadaí saor in aisce, i measc na scórtha imeacht eile a raibh téama a bhain leis an gcomhshaol acu.

Thiomnaigh scoileanna ar fud na hÉireann iad féin don fheachtas Sábháil na Beacha i mí Márta 2022, tráth ar seoladh an feachtas nua i gcomhpháirtíocht idir SuperValu agus Plean Uile-Éireann um Pailineoirí, a thionscain an Dr Úna FitzPatrcik agus an tOllamh Jane Stout. Tá foireann an Ollaimh Stout i Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha ag obair le gnólachtaí, feirmeoirí, comhairlí áitiúla agus bainisteoirí talún eile chun bithéagsúlacht pailineoirí a mheas agus chun gníomhartha atá fabhrach do phailineoirí a thástáil.

# 8. Clár Forbartha Caipitil

## 8.1 Tionscadail

**Cearnóg na Clólainne – Cóiríocht do Mhic Léinn**
Cuireadh moill ar an obair thógála d’fhoirgneamh cóiríochta mac léinn nua Choláiste na Tríonóide ar Shráid an Phiarsaigh mar gheall ar shrianta COVID-19. Tá costas €62m ar an bhfoirgneamh seo a mbeidh 249 seomra leapa ann, agus tá sé le bheith críochnaithe faoi mhí na Samhna 2022. Beidh spás seirbhísí mac léinn, Aonad Sláinte nua agus Áiseanna Spóirt san fhoirgneamh 9 stór, 13,000 méadar cearnach seo freisin.

**Ceárta Foghlama E3 Martin Naughton**
Cheap Coláiste na Tríonóide an chuideachta ailtireachta Feildon Clegg Bradley a bhfuil dea-chlú idirnáisiúnta orthu i mbun an togra seo agus, tar éis cead pleanála a fháil ó Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath don fhoirgneamh nua Innealtóireachta, Timpeallachta agus Teicneolaíochtaí Éiritheacha seo, ceapadh JJ Rhatigan mar phríomhchonraitheoir. Beidh roinnt blianta i gceist leis an obair thógála a chríochnú agus cuirfear bealach nua ar fáil tríd an gcampas go dtí an ceann thoir den Choláiste, ní a mbeidh daoine ríshásta leis.

**Árais Stairiúla Cóiríochta**
Ó mhí Lúnasa 2021, tá dul chun cinn á dhéanamh ar an láthair oibre ag Clancy Construction, in éineacht leis na hailtirí Pascal+Watson, Carrig Conservation, AECOM agus WH Stephens, leis an athchóiriú €20m ar na Rúibricí, atá ar an bhfód le 325 bliain, agus leis an athchóiriú ar Theach an Phríomh-Mhaoir, atá ar an bhfód le 130 bliain. Tá athchóiriú á dhéanamh ar an dá fhoirgneamh lena n-úsáid mar chóiríocht do bhaill foirne, do mhic léinn agus d’aíonna, mar aon le háiseanna cruinnithe agus comhoibrithe don aos léinn ar urlár na talún sna Rúibricí. Tá dhomhain-iarfheistiú fuinnimh na Rúibricí, lena n-áirítear soláthar príomhfhoinse teasa agus uisce the, tugtha chun críche anois, le tógáil seomra nua gléasra ina bhfuil spás ann do theaschaidéil atá ceangailte le 21 tollpholl atá 180 méadar ar dhoimhneacht, lonnaithe sa Chearnóg Nua. Tá obair idir lámha maidir le réimse tionscnamh fuinnimh eile chun feabhas a chur ar fheidhmíocht theirmeach an fhoirgnimh, lena n-áirítear insliú faoin urlár le gloine chúrtha athchúrsáilte, athchóiriú na bhfuinneog atá ann cheana agus insliú dín, mar aon le slinnte a athchur air, ar slinnte áitiúil Dhairbhre iad. Táthar ag cloí leis an mbuiséad agus leis an amlíne don tionscadal, agus tá sé le bheith críochnaithe in Earrach na bliana 2023.

**Tionscadal Athfhorbartha na Sean-Leabharlainne**
Leis an bhfoireann deartha atá againn faoi stiúir Heneghan Peng Architects, a bhfuil gradaim buaite acu, táimid ag leanúint de phleananna a fhorbairt i leith athfhorbairt na Sean-Leabharlainne (a tógadh thart ar an mbliain 1712). Tá obair feabhsúcháin den mhórthábhacht ar an tSean-Leabharlann i gceist leis an togra seo d'fhonn a chinntiú go gcaomhnófar ceann de na foirgnimh is breátha san ollscoil agus go gcruthófar timpeallacht a bheidh oiriúnach do bhailiúcháin shainiúla Choláiste na Tríonóide.

**Taispeántas Eatramhach**
Cuirfear an t-iarratas ar Chead Pleanála don Taispeántas Eatramhach ar aghaidh chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2022. Cuimseofar sa tionscadal seo athchóiriú na Clólainne chun Leabhar Cheanannais a choinneáil le linn na hoibre athchóirithe ar an tSean-Leabharlann. Cuirfear spás do thaispeántas closamhairc agus do mhiondíol ar fáil i bpailliún sealadach lonnaithe sa Chearnóg Nua.

**Cóiríocht do Mhic Léinn – Halla na Tríonóide, Dartraí**
Cuireadh ar aghaidh iarratas ar Chead Pleanála d’Fhorbairt Tithíochta Straitéisí maidir le tógáil forbartha cóiríochta mac léinn a mbeadh 358 spás leapa ann i Halla na Tríonóide, Dartraí, agus gheofar toradh ón bpróiseas pleanála seo ag deireadh na bliana 2022. Tá cainteanna maidir le maoiniú ar bun leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

**Tairseach agus Coláiste na Tríonóide Thoir/ TTEC**
Fuarthas cead pleanála don chéad fhoirgneamh nuálaíochta agus fiontraíochta a dtabharfar ‘Tairseach’ air ar champas Choláiste na Tríonóide Thoir, agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair athchóirithe, a mbeidh costas €17m uirthi, ar na foirgnimh ar thaobh Ché na Canálach Móire den champas in Earrach na bliana 2023. Tá pleananna eile ar bun chun straitéis maidir le forbairt TTEC (Lárionad Teicneolaíochta agus Fiontraíochta Choláiste na Tríonóide) a leagfar tábhacht ar an gcomhshaol ann a sheoladh.

**Tionscadail Comhshaoil, Bonneagair Leictrigh, Úsáide Spáis agus tionscadail eile**
Cuireadh i gcrích tionscadal €9m chun uasacmhainn iompórtála leictreachais na hOllscoile a mhéadú, agus chun an iliomad soláthairtí atá ann cheana a chur le chéile in aon fhoinse amháin, de réir an bhuiséid agus de réir an sceidil agus tá sé ag feidhmiú go hiomlán, leis an gceangal deiridh le Cearnóg na Clólainne dlite ag deireadh na bliana 2022. Tá tionscadail chothabhála agus tionscnaimh bainistithe fuinnimh thábhachtacha ar bun timpeall an champais, agus tá tuilleadh dá leithéid beartaithe (faoi réir maoinithe), lena chinntiú go mbeifear in ann timpeallacht shábháilte agus shláintiúil a chur ar fáil san Ollscoil agus ardleibhéal caighdeán a fheabhsú agus a choinneáil i dtimpeallacht thógtha na hOllscoile.


Tá réimse tionscnamh úsáide spáis á bpleanáil chun an leas is fearr a bhaint as eastáit Choláiste na Tríonóide, agus go sonrach, an leas is fearr a bhaint as stoc seomraí ranga i bhfianaise na n-athruithe ar chuir chuige oideolaíochta tar éis phaindéim COVID-19. Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta don chóiríocht is fearr is féidir a chur ar fáil do mhic léinn agus táthar ag leanúint den obair ar chlár athchóiriúcháin cóiríochta ar champas.

Cuireadh roinnt tionscadal mórthábhachta deisiúcháin agus caomhnaithe eile i gcrích sa tréimhse seo agus cuireadh roinnt eile ar bun, amhail athchóiriú phóidiam Ussher, athdheisiú ráillí, agus bonneagar ríthábhachtach leictreach agus meicniúil.

## 8.2 Caomhnú Fuinnimh

**Ídiú Fuinnimh**

Sa bhliain 2021-22, ídíodh 34m kWh leictreachais i bhfoirgnimh Choláiste na Tríonóide (méadú 7% ar an mbliain roimhe) agus 42m kWh gáis nádúrtha (laghdú 2% ar an mbliain roimhe).




Ó mhí Mheán Fómhair 2021, atosaíodh obair agus teagasc ar an láthair i gColáiste na Tríonóide. Mar thoradh ar an leibhéal ardaithe gníomhaíochta seo ar an láthair, tharla méadú ar ídiú aerála agus ar ídiú fóntas. Bhí ar Choláiste na Tríonóide rátaí méadaithe aerála agus uaireanta breisithe oibriúcháin an fhearais aerála a choinneáil freisin ó tharla go raibh víreas COVID-19 fós ag dul thart sa phobal. Is míniú iad sin ar an méadú ar ídiú leictreachais i gcomparáid leis an dá bhliain acadúil roimhe seo.

**Astaíocht Carbóin a bhain le Cúrsaí Fuinnimh**
Ba é 20,179 tonna na hastaíochtaí CO2 a bhain le cúrsaí fuinnimh a bhí i gceist bhliain 2021-22, agus tháinig 42% de sin ó bhreosla téimh.


**Dul Chun Cinn maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh go dtí seo**
Bhain an Coláiste coigilt éifeachtúlachta fuinnimh 34.4% amach don bhliain 2021-22 i gcomparáid leis an mbonnlíne atá aige.

Tugtar gabháil scáileáin ó thairseach Monatóireachta agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann thíos ar a léirítear an feabhas a tháinig ar éifeachtúlacht fuinnimh ón mbliain atá á húsáid mar bhonnlíne.

## Energy Performance Indicators - 2021

2021 EnPi = 266 kWh / Research Equivalent Floor Area

EnPi = 207 kWh / Research Equivalent Floor Area




**Tograí maidir le Cúrsaí Fuinnimh**
Ba i bhfoirgneamh Hamilton a tugadh chun críche an príomhthionscadal a bhain le cúrsaí fuinnimh. Cuireadh cineál nua teaschaidéil chomhtháite in áit na n-aonad láimhseála aeir ar fad, ar teaschaidéal é nach n-úsáidtear breosla iontaise ar bith lena aghaidh.

Ní theastaíonn an coire gáis san fhoirgneamh seo a thuilleadh chun críocha téimh agus aerála. Is ionann an coigilteas bliantúil réamh-mheasta ón tionscadal seo agus nach mór 200,000 aonad leictreachais agus 400,000 aonad gáis nádúrtha.

Rinneadh uasghrádú ar an gcóras aerála i leabharlann Berkeley, agus cuireadh feananna ardéifeachtúlachta ann in áit na bhfeananna beilt-tiomáinte a bhí ann roimhe sin.

Rinneadh uasghrádú le soilse LED i bhfoirgneamh Lloyd agus tá sé 90% den bhealach a bheith críochnaithe.

**Foirgnimh Nua & Mórthionscadail Athchóirithe**

**Cearnóg na Clólainne**
Tá an fhorbraíocht seo ag teacht le ceanglais chaighdeán NZEB (foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh) agus tógadh í le bheith Thar Barr ar chaighdeán BREEAM, lena gclúdaítear réimse leathan príomhchritéar inbhuanaitheachta. Beidh an fhorbraíocht nua ina léiriú fíorfheiceálach ar rún daingean na hOllscoile a bheith ina campas a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Beidh cuid mhór insliúcháin i gceist san fhoirgneamh seo, beidh soilse de chineál LED amháin ar fud an fhoirgnimh ar fad, córas fótavoltachais feistithe ar an díon, córas cumaisc teasa agus cumhachta (CHP) nua 100 kW á chur i bhfearas agus bearta eile chun ídiú uisce a mhaolú an oiread agus is féidir.

**Ceárta Foghlama E3**
Tá obair ag dul ar aghaidh ar an spás teagaisc tiomnaithe seo don Innealtóireacht, don Eolaíocht Ríomhaireachta agus do na hEolaíochtaí Nádúrtha. Tá an foirgneamh seo á dhearadh le bheith Thar Barr ar chaighdeáin NZEB agus BREEAM. Foirgneamh thar a bheith inbhuanaithe a bheidh ann ina mbeidh fuinneamh in-athnuaite ar an láthair agus téarnamh forleathan teasa. Beidh sé ar an gcéad fhoirgneamh ar mhórscála i gColáiste na Tríonóide nach mbeidh aon bhreosla iontaise ag teastáil uaidh le haghaidh téamh teirmeach nó chun uisce te tí a ghiniúint. Cloífear le clár oibre den chineál céanna, dírithe ar shárchaighdeán maidir le gnéithe inmharthanachta, i ndáil leis an bhforbairt dearthóireachta ar thionscadail eile as seo amach: cuirfear deireadh le breosla iontaise ar an láthair agus tabharfar san áireamh gineadóireacht fuinnimh ar an láthair ó fhoinsí inathnuaite le Caidéil Teasa (Foinsí Aeir/Talún araon) agus gaireas PV á fheistiú ar an díon, mar chuid den bheartaíocht ar mhaithe le spriocanna ídiú carbóin a shásamh.

**Na Rúibricí**
Is foirgneamh ar leith é na Rúibricí, a tógadh idir an bhliain 1699 agus an bhliain 1702, a bhfuil tábhacht ailtireachta, staire, seandálaíochta, chultúir agus shóisialta ag gabháil leis, agus tugadh stádas caomhantais dó faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus stádas séadchomhartha taifeadta faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930. Forbraíodh Straitéis Iarfheistithe Fabraice ísealcharbóin d'Fhoirgneamh na Rúibricí, arbh é ba rún leis éifeachtúlacht theirmeach a fheabhsú a mhéid is féidir sin le réasún gan cobhsaíocht ábhartha nó carachtar stairiúil an fhoirgnimh a chur i mbaol.

Leis an iarfheistiú iomlánaíoch, in éineacht le teaschaidéal Fhoinse na Talún a bhfuil bailitheoirí geoiteirmeacha aige a théann 150 méadar ar doimhneacht faoin gCearnóg Nua, baintear amach cothromaíocht idir caomhnú oidhreachta, caomhnú fabraice, feidhmíocht fuinnimh, astaíochtaí carbóin corpraithe agus oibríochtúla agus folláine na n-áititheoirí. Rinneadh de réir na comhairle maidir leis an dea-chleachtas agus an ghnáis a mholadh faoi I.S. EN 16883:2017 An Oidhreacht Chultúir a Chaomhnú – Treoirlínte maidir le feidhmíocht fuinnimh i bhfoirgnimh stairiúla ionas go dtabharfaí chun suntais na roghanna is oiriúnaí maidir le bearta forfheabhsúcháin.

**Iniúchadh Fuinnimh Tagarmhairc**
Mar chéim i dtreo tuiscint a fháil ar úsáid shuntasach fuinnimh i bhfoirgnimh agus an déine fuinnimh a bhaineann leo, chuir iniúchóir deimhnithe seachtrach Iniúchadh Fuinnimh Tagarmhairc i gcrích i mí Eanáir 2022.

Leis an iniúchadh seo, cuirtear ardán ar fáil i leith iniúchtaí mionsonraithe ar fhoirgnimh ar leith amach anseo, mar aon leis an ábaltacht tuairisc ar fheidhmíocht fuinnimh ó thaobh foirgnimh ar leith a chur ar aghaidh chuig comhlachtaí seachtracha amhail an tÚdarás um Ard-Oideachas, sa chás go n-éileofaí é sin.

**Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide**
D'fhoilsigh an Rialtas a Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide i mí Iúil 2022, ina leagtar de dhualgas ar gach comhlacht san earnáil phoiblí spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach, is iad sin glanlaghdú 51% ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa agus feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2030. Fágann an glanlaghdú ar charbón go gcaithfear an t-ídiú fuinnimh a ghabhann le haon fhoirgneamh nua a thabhairt isteach le laghduithe in áiteanna eile. Is é dícharbónú teasa an dúshlán is mó a bheidh ann. Beidh scála an dúshláin suntasach agus tá acmhainní á méadú chun cur leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo.

## 9. Daonchairdeas

Tríd an bhfeachtas *Ag Spreagadh na nGlúnta*, ar baineadh amach a gcuid spriocanna tiomsaithe airgid agus oibre deonaí i samhradh na bliana 2021, tá níos mó aibíochta agus acmhainneachta forbartha ag Coláiste na Tríonóide ó thaobh an tiomsaithe airgid de, agus cothaíodh tiomantas follasach i leith an daonchairdis i measc phobal níos leithne an choláiste, is iad sin baill foirne, mic léinn, alumni agus cairde. Sa tréimhse seo tar éis an fheachtais, tá lucht Fhorbairt agus Alumni Choláiste na Tríonóide ag díriú ar fhoinse inbhuanaithe sheasta ioncaim daonchairdis a fhás don ollscoil.

Gealladh cistí nua daonchairdis ar fiú €29.1m iad le linn na bliana, a fhágann go bhfuil €187m i gcistí daonchairdis cruinnithe ag an Ollscoil le cúig bliana anuas. Tá cuid mhaith de na tionscnaimh thosaíochta a seoladh tríd an bhfeachtas Ag Spreagadh na nGlúnta ar bun i gcónaí agus táthar fós ag tiomsú airgid go gníomhach mar chuid díobh, lena n-áirítear Institiúid Ailse Choláiste na Tríonóide-Ospidéil San Séamus, an tSean-Leabharlann agus E3. Ar na tabhartais shuntasacha a gealladh do na tionscadail seo le linn na bliana acadúla 2021-22, áirítear €4.5m d'Institiúid Ailse Choláiste na Tríonóide-Ospidéil San Séamus ó Chumann Ailse na hÉireann agus €1m do Thionscadal Athfhorbartha na Sean-Leabharlainne óna Mhórgacht Ríoga, Prionsa Albert II Mhonacó agus a Mórgacht Ríoga, Banphrionsa Charlene. I dteannta na dtabhartas seo, bhronn cara le Coláiste na Tríonóide nach alumnus é/í €2.5m mar thabhartas chun tacú le Tairseach, Mol Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide i gColáiste na Tríonóide Thoir.

**Glúnta Nua: Scoláireachtaí agus Ollúntachtaí**
Tá na tionscnaimh *Glúnta Nua* ar bun faoi láthair freisin chun daoine cumasacha a mhealladh chun na hOllscoile. De bharr tabhartais €2.5m ó chomhpháirtí tionsclaíochta, CRH, cuideachta ábhar tógála éagsúlaithe, cumasaíodh cruthú Chathaoirleach Eolaíochta Aeráide CRH d'fhonn tiomantas leanúnach na hOllscoile do bheith ag tacú le taighde, teagasc agus foghlaim na heolaíochta aeráide agus do bheith á gcur chun cinn a threisiú.

**D'oibrigh Rochtain Choláiste na Tríonóide ina comhpháirtí ar dhá thionscnamh**

- Mhaoinigh an soláthróir teileachumarsáide Three Ireland 25 Scoláireacht Three Ireland do Mhná san Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic i gcaitheamh cúig bliana, atá dírithe ar mhná as cúlraí éagsúla a mhealladh chun staidéar a dhéanamh ar ábhair eolaíochta agus mata i gColáiste na Tríonóide, mar aon le dhá Chomhaltacht Múinteoirí Three Ireland chun dul i mbun oibre le scoileanna comhpháirtíochta Rochtain Choláiste na Tríonóide chun tacú le teagasc na mata agus na ríomhaireachta agus chun feabhas a chur air ar fud na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí.

- Chuir Fondúireacht Laidlaw, a thacaíonn le Clár Ceannaireachta agus Taighde na Scoláirí Laidlaw i gColáiste na Tríonóide, 30 scoláireacht nua ar fáil do Laidlaw Trailblazers: Women in Leadership Programme, arb é is aidhm dó cuidiú le mná a thagann as cúlraí a bhfuil tearcionadaíocht orthu ag an tríú leibhéal rochtain a fháil ar ardoideachas agus gairmeacha beatha dinimiciúla a fhorbairt.

**Ciste Tearmainn Choláiste na Tríonóide**
Seoladh Ciste Tearmainn Choláiste na Tríonóide i mí Meithimh 2022 mar fhreagairt ar ionsaí na Rúise ar an Úcráin agus ceapadh é chun tacú le mic léinn agus scoláirí a bhí ag éalú ó chogadh agus ó ghéarleanúint ar fud an domhain. Cruinníodh €92,000 trí Chiste Tearmainn Choláiste na Tríonóide faoi mhí Lúnasa agus sáraíodh an sprioc €100,000 faoi dheireadh na bliana. Rinneadh achainí ar chomhaltaí foirne an Choláiste den chéad uair.

**Bronnadh Rialta na Alumni**
Cuireadh Teacht le Chéile na Alumni ar siúl arís i mí Lúnasa, an chéad cheann le trí bliana anuas mar gheall ar COVID-19, agus bhí breis is 300 alumni i láthair. Bhí an féasta i Halla Bia na hOllscoile díolta amach le grúpaí a bhí ag ceiliúradh 10, 20, 30, 40 agus 50 bliain ó d'fhág siad an Ollscoil, ar fud disciplíní éagsúla. I mí Dheireadh Fómhair na bliana 2022, reáchtáladh Gradaim na Alumni chun ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí alumni, an tionchar a bhí acu ina réimsí áirithe agus an chaoi a bhfuil siad ag cur luachanna Choláiste na Tríonóide chun cinn. Bhí an dá imeacht seo araon ar na chéad chinn dá leithéid a d'óstáil an Propast nua. De réir mar a d'fhágamar saol na paindéime inár ndiaidh, thosaigh baill foirne Fhorbairt agus Alumni Choláiste na Tríonóide ag dul ag taisteal arís, agus iad ag díriú ar láithreacha spéise straitéisí a bhfuil líon mór alumni iontu.

D'athraigh sceideal foilsithe *Trinity Today* chun go ndéanfaí eagrán séasúrach de, a raibh cuid dhigiteach ag dul leis gach ráithe, cé go bhfoilsítear eagrán an Fhómhair ina leagan clóite agus ina leagan digiteach araon i gcónaí. Tugtar le fios leis an anailísíocht ar na sonraí go bhfuil ardú seasta ag teacht ar amanna léitheoireachta agus ar líon na léitheoirí (ardú 6.5% in aghaidh an fhoilseacháin, ar an meán). Ba é an t-eagrán is mó éileamh eagrán an Earraigh a raibh béim ar alumni idirnáisiúnta ann.

D'éirigh linn athrú go samhlacha hibride d'imeachtaí, agus thosaíomar ag cur níos mó imeachtaí ar an láthair ar fáil arís. Leanadh leis an tsraith seimineár gréasáin a bhí againn, Inspiring Ideas @ Trinity, le hocht seimineár gréasáin i gcaitheamh na bliana acadúla, ar ghlac alumni mór le rá páirt iontu, fearach Alan Joyce, POF Qantas (roinneadh ábhar an tseimineáir gréasáin seo i léachtaí i Scoil an Ghnó, agus luadh an seimineár gréasáin ar nuacht am lóin agus nuacht an tráthnóna ar RTÉ).


Reáchtáladh sraith cruinnithe fíorúla halla an bhaile ionas go bhféadfaí an Propast Linda Doyle a chur i láthair lucht craobhacha domhanda Choláiste na Tríonóide sna Stáit Aontaithe, san Astráil, san Áis agus san Eoraip.



## 10. Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2022

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dár chríoch an 30 Meán Fómhair 2022, arna bhformheas ag an mBord ar an 29 Márta 2023, le feiceáil ag an nasc thíos:

https://www.tcd.ie/financial-services/external-assets/pdfs/Consol_Financial_Statements_2021_22.pdf



## Aguisín I

**Freastal ar Chruinnithe Boird 2021-22**

B'ionann an líon iomlán cruinnithe a reáchtáladh i rith na bliana agus 13 cruinniú.

**Comhaltaí:**
An tOll. Khurshid Ahmad (13), an tOll. Sarah Alyn Stacey (12), an tOll. Louis Brennan (13), an tOll. Andrew Burke (9), an tUasal Kevin Byrne (11), an tOll. Neville Cox (Cláraitheoir) (12), an tOll. Eleanor Denny (Sparánaí/Stiúrthóir na Nuálaíochta Straitéisín) (12), Jill Donoghue Uasal (10), an Dr Linda Doyle (Provost) (13), an tOll. Daniel Faas (5), Bev Genockey Uasal (12), an tUasal David Grouse (13), an tOll. Rose Anne Kenny (8), Leah Keogh Uasal (11), Rachel Mathews-McKay Uasal (10), an tOll. Ross McManus (11), an tOll. Kathleen McTiernan (10), Sierra Mueller-Owens Uasal (11), an tOll. Andrea Nolan (10), an tOll. Diarmuid R Phelan (7), an Dr Lorna Roe (9), Gisèle Scanlon Uasal (11), an tOll. Aidan Seery (7), an tOll. Fintan Sheerin (9),an tOll. Orla Sheils (Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil) (12), an tOll. David Shepherd (Léachtóir Sinsearach/Déan an Léinn Fochéime) (11), an tOll. John Walsh (11).

## Aguisín II

**Costais an Bhoird 2021-22**

Tá comhaltaí seachtracha an Bhoird i dteideal ballraíochta sa Seomra Coiteann Sinsearach (táillí €279 in aghaidh na bliana). Níor íocadh táillí nó costais ar bith eile le comhaltaí an Bhord i leith dualgais Boird le linn na bliana 2021-22.

Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin



www.tcd.ie